# Comhairle Cathrach

# &

# Contae Phort Láirge

# Tuarascáil Bhliantúil 2014

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

## Teachtaireacht ó Mhéara agus ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Is tuarascáil bhliantúil stairiúil í seo sa mhéid go bhfuil sí curtha le chéile ag an údarás nua áitiúil Comhairle Cathrach is Contae Phort Láirge. Foráladh don chónascadh seo san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus as sin rinneadh Comhairle Cathrach is Contae Phort Láirge as Comhairle Cathrach Phort Láirge is Comhairle Contae Phort Láirge ar an 6 Meitheamh 2014.

Tá ríméad orainn Céad Tuarascáil Bhliantúil seo na Comhairle nua a chur i láthair a bhfuil an ráiteas seo a leanas ina Ráiteas Misin againn "*Is é an misean atá againn ná Port Láirge a bheith ina háit den chéad scoth dá pobal uile agus dóibhsean ar mhian leo cónaí,obair nó infheistiú anseo nó cuairt a thabhairt ar an áit*" agus tá ár n-uaillmhian agus ár gcuspóir ionchollaithe go beacht sa méid sin.

Chothaigh an cónascadh seo dúshlán nach beag do na comhaltaí tofa agus fostaithe araon. Tá an slánaonad nua le líon de 32 comhalta tofa agus 900 fostaí ar cheann de na húdaráis áitiúla is mó in Éirinn. Is fianaise é ar dhúthracht na gcomhaltaí agus na bhfostaithe a d'oibrigh go dian in ainneoin na n-acmhainní laghdaithe a bhí ar fáil chun cur i gcrích na malairte a éascú.

Tá freagracht ollmhór ag limistéar oibriucháin na Contae trasna na Contae ón oirthear go dtí an t-iarthar agus ón Tuaisceart go dtí an Deisceart idir limistéir uirbeacha ard-dlúis, Cathair Phort Láirge, Dún Garbhán agus Trá Mhór agus ansin tírdhreach garbh ardscéimhe lánléargais, sléibhte an Chumaraigh agus na cnoic Mhaoldomhnaigh agus ansin an t-imeallbhord leithleach a shíneann ón bPasáiste Thoir chomh fada le Béal na hAbha agus an iliomad bailte agus sráidbhailte a mhúnlaíonn an Chontae.

Is mór an chúis bhróid é ullmhacht na gcomhaltaí tofa agus na bhfostaithe chun glacadh leis an údarás nua agus chun dul i ngleic leis an dúshlán chun leibhéal na seirbhíse ar fud na Contae a chaomhnú agus a fheabhsú.
Tá cur síos tugtha ar fhócas na Comhairle i sainréimsí a cuid oibriúcháin tugtha sa tuarascáil seo. Tá sé tráthúil go dtugaimid aitheantas dá bhfuil tugtha ag Comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge chomh maith le Comhairlí Baile Dhún Garbhán, an Leasa Mhóir agus na Trá Móire a bheidh ag scor ar an 1 Meitheamh 2014.

Tá sé tábhachtach comh maith aitheantas a thabhairt dá bhfuil á thabhairt ar bhonn leanúnach ag fostaithe na Comhairle ar bhonn laethúil chun seirbhís den chéad scoth a sheachadadh ar shaoránaigh Phort Láirge, thuaidh, theas, thoir agus thiar.
Leanfaimid ar aghaidh ag seachadadh na mbunseirbhísí agus an chláir chaipitil a bhfuil muintir Phort Láirge i dteideal dó, in ainneoin chonstaicí na heaspa acmhainní agus na gciorruithe a chastar orainn.





# Ráiteas Misin

*"Is é an misean atá againn ná Port Láirge a bheith ina háit den chéad scoth dá pobal uile agus dóibhsean ar mhian leo cónaí, obair nó infheistiú anseo nó cuairt a thabhairt ar an áit."*

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Seirbhísí Corparáideacha & Pleanáil** | 01 |
| **Tithíocht, Pobal & Cultúr** | 16 |
| **Bóithre, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Éigeandála** | 30 |
| **Forbairt Gheilleagrach** | 43 |
| **TFC, Bainistíocht Chostála & Airgeadas** | 53 |
| **Seirbhísí Comhshaoil** | 60 |

# Seirbhísí Corparáideacha & Pleanáil



Cuireann **Seirbhísí Corparáideacha** tacaíocht seirbhíse ar fáil do 32 comhalta tofa agus do bhainistíocht na comhairle agus riarann sí feidhmeanna áirithe go díreach don phobal.

## An Chomhairle

Tá 32 comhalta a toghadh sna toghcháin áitiúla a bhí ar siúl ar an 23 Bealtaine ar an gComhairle. Tá 32 comhalta ar an gComhairle iomlánach agus buaileann siad le chéile ar an dara Déardaoin de gach aon mhí. Is é Méara Chomhairle na Cathrach agus na Contae ná an Comhairleoir Séamus Tóibín agus an LeasMhéara, An Comhairleoir Jason Ó Murchú.

Tá 3 ceantar ag an gContae, 2 ceantar Bhardasacha Dún Garbhán/An Lios Mór agus An Cumarach agus ceann Cathrach amháin:is mar seo a leanas atá siad cumtha:-

Tá 18 comhalta ar an gCeantar Cathrach agus buaileann siad le chéile ar an tríú Luan de gach aon mhí. Is í Méara Cheantar na Cathrach ná an Comhairleoir Lola O'Sullivan agus Leas Mhéara an Comhairleoir Seán Ó Ciardha.

**Trá Mhór/ Iarthar Chathair Phort Láirge (6 comhalta)**

- Joe Conway (Neamhspleách)
- Jim Griffin (Sinn Féin)
- Joe Kelly (Neamhspleách)
- Lola O'Sullivan (Fine Gael)
- Blaise Hannigan (Neamhspleách)
- Eamon Quinlan (Fianna Fáil)

**Cathair Phort Láirge Theas (6 Comhalta)**

- John Hearne (Sinn Féin)
- Breda Brennan (Sinn Féin)
- John Cummins (Fine Gael)
- Cha O'Neill (Neamhspleách)
- Sean Reinhardt (Neamhspleách)
- Jason Murphy (Fianna Fáil)

**Cathair Phort Láirge Thoir (6 comhalta)**

- Pat Fitzgerald (Sinn Féin)
- Davy Daniels (Neamhspleách)
- Mary Roche (Neamhspleách)
- Adam Gary Wyse (Fianna Fáil)
- John Carey (Fine Gael)
- Eddie Mulligan (Fianna Fáil)

Tá 8 comhalta ar **Chomhairle Ceantair Dhún Garbhán-An Leasa Mhóir** agus buaileann siad le chéile ar an dara Luan de gach aon mhí.  Is é an Comhairleoir Damien Geoghegan an Cathaoirleach agus tá Pat Nugent ina Leaschathaoirleach.

- Pat Nugent (Fine Gael)
- James Tobin (Fianna Fáil)
- Siobhán Whelan (Sinn Féin)
- John Pratt (Páirtí an Lucht Oibre)
- Tom Cronin (Fianna Fáil)
- Declan Doocey (Fine Gael)
- Seamus O'Donnell (Neamhspleách)

Tá 6 comhalta ar **Chomhairle Ceantair an Chumaraigh** agus buaileann siad le chéile ar an gceathrú Luan de gach aon mhí.

- Michael J O'Ryan (Fianna Fáil)
- Liam Brazil (Fine Gael)
- Declan Clune (Sinn Féin)
- John O'Leary (Fianna Fáil)
- Seanie Power (Fine Gael)
- Mary Butler (Fianna Fáil)

Buaileann gach aon cheann de na Comhairlí Ceantair le chéile go míosúil, (cé is moite de mhí Lúnasa). Tionóltar an Cruinniú Cinn Bhliana den Chomhairle Iomlánach ar an Déardaoin dheireanach de mhí an Mheithimh agus toghtar an Méara ag an gcruinniú úd. Foilsítear clár poiblí de chostais agus d'íocaíochtaí do Chomhairleoirí faoi Mhír 142 & 143 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

**Thíosluaite tá liosta de na comhdhálacha ar fhreastal Comhairleoirí orthu in 2014:**

| **COMHAIRLEOIR** | **OILIÚINT/SONRAÍ COMHDHÁLA** | **ÁIT** | **DÁTA** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Mary Butler | **AILG Comhdháil Bhliantúil** | An Cabhán | 30/10/2014 |
| John Carey | | | |
| Joe Conway | | | |
| Thomas Cronin | | | |
| Damien Geoghegan | | | |
| Pat Nugent | | | |
| John O'Leary | | | |
| James Tobin | | | |
| Declan Doocey | | | |
| Cha O'Neill | | | |
| John Pratt | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mary Butler | **AILG Oiliúint-Airgeadas** | Ceatharlach | 16/09/2014 |
| Declan Clune | | | |
| Joe Conway | | | |
| Thomas Cronin | | | |
| Jason Murphy | | | |
| John O'Leary | | | |
| Damien Geoghegan | | | |
| Eddie Mulligan | | | |
| John Pratt | | | |
| Mary Butler | **AILG Oiliúint-Tithíocht** | Aonach Urmhumhan | 16/10/2014 |
| Joe Conway | | | |
| Thomas Cronin | | | |
| Pat Fitzgerald | | | |
| Jim Griffin | | | |
| John O'Leary | | | |
| Mary Butler | **AILG Oiliúint-Ionduchtú** | Corcaigh | 26/06/2014 |
| Pat Fitzgerald | | | |
| Damien Geoghegan | | | |
| John Hearne | | | |
| Eddie Mulligan | | | |
| Jason Murphy | | | |
| Pat Nugent | | | |
| John Pratt | | | |
| John Carey | **AILG Oiliúint-Pleanáil** | Loch Garman | 06/11/2014 |
| Joe Conway | | | |
| Thomas Cronin | | | |
| Damien Geoghegan | | | |
| Eddie Mulligan | | | |
| John O'Leary | | | |
| Cha O'Neill | | | |
| John Pratt | | | |
| Jason Murphy | **AILG Oiliúint-Tithíocht** | Aonach Urmhumhan | 16/10/2014 |
| John Pratt | | | |
| Pat Nugent | **Carthanachtaí Rialúchán & Reachtaíocht** | Corcaigh | 05/12/2014 |
| Damien Geoghegan | | | |
| Thomas Cronin | **Éifeacht Cháinfhaisnéis 2015 – Comhdháil** | Corcaigh | 28/11/2014 |
| John O'Leary | | | |
| M.J.O'Ryan | **Uisce Éireann** | Cill Chainnigh | 30/10/2014 |
| Eddie Mulligan | | | |
| John O'Leary | **LAMA – Seimineár Oiliúna an Fhómhair** | Dún na nGall | 17/10/2014 |
| John Carey | | | |
| Joe Conway | | | |
| Thomas Cronin | | | |
| Declan Doocey | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cha O'Neill | | | |
| Seanie Power | | | |
| John Pratt | | | |
| Sean Reinhardt | **Táirgiúlacht & Bainistiocht Ama** | Corcaigh | 17/10/2014 |
| Liam Brazil | **Comhdháil an Titanic** | Béal Feirste | 09/11/2014 |

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh (CPG)

Is éard atá i gceist leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh ná an Méara i dteannta le cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha a bhuaileann le feidhmiúchán na Comhairle uair in aghaidh na míosa chun clár na Comhairle Iomlánaí a threorú.

## Clár na dToghthóirí

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an comhlacht reachtúil atá freagrach as Clár na dToghthóirí a sholáthar agus a chothabháil. Tar éis cónascadh an dá údarás tá comhchlár Toghthóirí curtha le chéile do Chathair agus do Chontae Phort Láirge. Foilsíodh Clár na dToghthóirí don bhliain 2014/2015 ar an 1 Feabhra 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2014.

## Deontais Ardoideachais

Faoi bhrat Acht Um Thacaíocht Mic Léinn 2011 tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge inniúil ar athnuachan cúnaimh a dheonú do mhic léinn atá ag tabhairt faoi fhormhór na gcúrsaí tríú leibhéal in Éirinn agus san AE agus dóibhsean atá ag tabhairt faoi chúrsaí iarchéime in Éirinn. Tá íocaíochtaí táillí agus íocaíochtaí cothabhála san áireamh sna deontais. San iomlán fuair 97 mac léinn deontais faoin Scéim le linn 2014.

## Tinreamh ar Scoil

Sa bhliain 2014 leanadh leis an nós teastais tinrimh ar scoil a bhronnadh ar dhaltaí bunscoile ó iarcheantar na Cathrach a raibh tinreamh iomlán acu le linn na scoilbhliana. Bronnadh teastais ar os cionn 700 páiste a raibh tinreamh iomlán acu. Cuirfear leis an scéim seo in 2015 chun an ceantar Meitreapholaiteach ina iomláine a chur san áireamh.

## Scéim Béilí Scoile

Leanann an Chomhairle uirthi ag oibriú Scéim Bheilí Scoile agus ag íoc deontas airgid i dtreo an chostais a bhaineann le béilí do dhaltaí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna san iarcheantar Cathrach.

## Acht Um Nochtadh Cosanta 2014

Riarann Seirbhísí Corparáideacha téarmaí an Achta seo, a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige cultúr dearfach san ionad oibre a chur chun cinn agus a mhealladh, ina léirítear meas ar ábhair is cúram do dhaoine maidir le héagóir a gheobhadh tarlúint agus go bhfreagraítear don nochtadh sin le bearta cuí.

## Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Riarann Seirbhísí Corparáideacha gnéithe den acht thuasluaite sa mhéid is go gcuireann siad iarratas isteach ar na húdaráis áitiúla; tá sonraí breise ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle www.waterfordcouncil.ie.

## Cartlanna

Rinneadh uasdátú agus athdhearadh ar shuíomh idirlín Chathair agus Chontae Phort Láirge agus cuireadh cláir na n-adhlacthaí do Reilg Naomh Odhráin i bPort Láirge; Reilg Naomh Déagláin ar an Aird Mhór agus Reilg Naomh Cárthaigh sa Lios Mór ar fáil ar líne.  Cuireadh Léarscáil Mhic Risteaird agus Scála de Chathair Phort Láirge 1764 agus léarscáil Niocláis Sionóid de Chathair Phort Láirge ar fáil ar-líne.

Ba é 2014 comóradh chéad bliain briseadh amach an Chéad Chogadh Domhanda agus mar chuid den Fheachtas Um Fheasacht Cartlann, cuireadh taispeántas ar fáil ar líne dar teideal **Port Láirge agus an Chéad Chogadh Domhanda.**

http://www.waterfordcouncil.ie/en/Resident/Archives/Exhibitions/Waterford,and,the,First,World,War/


Compensation for Loss of Soldiers in the War.
Letter read from London "Royal Patriotic Fund" enclosing cheque for £3 : 0 : 0 to Mrs [illegible] for the loss of her son at the battle of Mons -
The Council decided to give the money altogether to her & not pay so much weekly. They further directed the Clerk to call attention to the small amount
Copyright Waterford City and County Council

Sa bhliain 2014 fuair Cartlanna Chontae Phort Láirge deontas faoi bhrat Scéim Deontais Bhainistíocht Oidhreachta 2014. Thug an cúnamh riachtanach seo ón gComhairle Oidhreachta deis chun tionscnamh caomhnaithe ar 3 léarscáil a bhí i ngátar obair chaomhnaithe a chur i gcrích. Cuireadh na léarscáileanna chuig Stiúideo Um Chaomhnú Páipéir chun go ndéanfadh caomhnóir proifisiúnta cóireáil orthu. Coimeádadh taifead den tionscnamh ar-líne
http://www.waterfordcouncil.ie/en/Resident/Archives/Conservation/

Is ag leanúint le Tionscnamh Ainmneacha Páirceanna an Chanónaigh de Paor, lean Cartlann na Cathrach agus na Contae i gcomhair le hOifigeach Gaeilge Chontae Phort Láirge leis an obair leis an Scoil Náisiúnta sa Bhaile Nua, chun eolas ar ainmneacha páirceanna sa cheantar sin a bhailiú.  Bhí torthaí a gcuid taighde ar

taispeántas mar chuid d'ócáid scoile i mí an Mheithimh agus cuirfear ar fáil ar líne iad mar chuid de Thaispeántas an Chanónaigh de Paor.

## Bainistíocht Taifead

Ba é fócas 2014 ná obair a dhéanamh le rannóga chun córais nua bainistíochta comhad a chruthú. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair sin i gcónaí. Foinsíodh seilfeanna breise do Lárionad na dTaifead i gCarraig an Phiarais agus aistríodh boscaí eile chuig Lárionad na dTaifead.

## Saoráil Faisnéise

Fuarthas na hiarratais seo a leanas ar Shaoráil Faisnéise in 2014

| Cás Tugtha ar Aghaidh 2014 | Pearsanta | Neamh-phearsanta | Deonaithe | Páirt-deonaithe | Diúltaithe | Iarratais bheo ag deireadh na bliana | Tarraingthe siar nó pléite leis seachtrach de théarmaí Shaoráil Faisnéise |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 10 | 14 | 18 | 6 | 3 | 1 | 1 |

## Forbairt na Gaeilge

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Faoi bhrat Acht na dTeangacha Oifigiúla agus reachtaíocht eile, chomh maith le Scéim Ghaeilge Údaráis Áitiúla Phort Láirge, leanadh leis an obair seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sheachadadh. Tar éis chónascadh Chomhairlí Cathrach agus Contae Phort Láirge i mí na Bealtaine, tosaíodh ar obair ar an bpróiseas chun Scéim Ghaeilge nua a dhréachtú agus a aontú don údarás nua cónasctha i gcomhair le Roinn na nEalaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga ceithre ghearán ar fad ó bhaill den phobal agus pléadh leo in 2014. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh ar Rialúcháin ar Fhógraí Taifeadta ó Bhéal san údarás.

Bhí an tOifigeach Gaeilge ar dhuine de na haoi-chainteoirí ag seimineár lae inar pléadh an téama *"Seirbhísí Gaeilge-Éifeachtúlacht & Luach Saothair"* a d'eagraigh Cumann na nOifigeach Gaeilge in oifigí an LGMA i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair

## Seachtain na Gaeilge

I gcomhair leis an tSeirbhís Leabharlainne agus Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge, eagraíodh imeachtaí faoi leith chun Seachtain na Gaeilge a chéiliúradh.

## Rith 2014

Ba é an t-imeacht náisiúnta, an rás sealaíochta Rith 2014 buaicphointe chéiliúradh Seachtain na Gaeilge i bPort Láirge inar ghlac na céadta duine páirt chun feasacht ar an nGaeilge a chur chun cinn. Rith idir pháistí agus dhaoine fásta ó chlubanna áitiúla agus scoileanna i gcuid den rás ón Sean Phobal i nGaeltacht na nDéise, soir le taobh an chósta trí Dhún Garbhán agus ar aghaidh chomh fada le Trá Mhór. Ghlac Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge chomh maith le Comhairle na nÓg páirt ann comh maith.

## Tionscnamh Ainmneacha Páirceanna na Scoileanna

Lean an tOifigeach Gaeilge agus Cartlannaí na Contae leis an Tionscnamh Ainmneacha Páirceanna na Scoileanna. Meallann an tionscnamh seo daltaí bunscoile chun taighde a dhéanamh ar ainmneacha páirceanna áitiúla chomh maith le logainmneacha eile ina gceantair dhúchais.

## Tionól na nDéise

Tugadh ceithre léacht ar fad in 2014 mar chuid de shraith léachtaí Thionól na nDéise de chuid Oifig na Gaeilge. Thug Mícheál de Mórdha ó Ionad Oidhreachta an Bhlaoscaoid Mhóir caint ar an nasc idir Gaeltacht Iarthar Dhuibhne agus Gaeltacht na nDéise ag Tionól Nioclcáis Tóibín, sa Rinn i mí Feabhra; thug Ciarán Ó Gealbháin ón Sean Phobal caint ar chúrsaí bia in amhráin thraidisiúnta na ndaoine ag Féile Bia Iarthar Phort Láirge i mí Aibreáin; ba é saol agus saothar an fhile áitiúil Robert Weldon a bhí faoi chaibidil ag an Ollamh Pádraig Ó Macháin, Ceann Roinn na NuaGhaeilge i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i gCill Rosanta i mí Mheán Fómhair mar chuid d'oscailt oifigiúil Fhéile an Chumaraigh Fhiáin. Ba i bPort Lách a tharla Tionól deireanach na bliana agus ba é Mícheál Ó Drisleáin a thug léacht ar an bailitheoir béaloidis an tAthair Piaras de Hindeberg, gurbh as an bPort Lách ó dhúchas é. D'fhreastail na céadta ar na léachtaí Gaeilge úd sa Rinn, i nDún Garbhán, i gCill Rosanta agus i bPort Lách.

## An Ghaeilge sa Phobal

Thug Oifig na Gaeilge tacaíocht d'imeachtaí Gaeilge/dátheangacha mar chuid de fhéilte éagsúla a bhí ar siúl ar fud na contae le linn na bliana, ina measc sin bhí Féile Bia Phort Láirge, Tionól Nioclcáis Tóibín agus Daonscoil na Mumhan i gColáiste na Rinne. Bhí an tOifigeach Gaeilge mar aoichainteoir ag seimineár a d'eagraigh an t-eagras forbartha Gaeilge, is é sin Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i mí Feabhra. Ba iad na deiseanna fostaíochta agus na buntáistí dóibhsean a bhfuil Gaeilge acu, a bhí faoi chaibidil ag an seimineár.

## An Ghaeltacht

Lean Oifigeach Gaeilge na Comhairle leis an obair le pobal Gaeltachta Chontae Phort Láirge le linn na bliana trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí a d'eagraigh grúpaí pobail sa cheantar agus trí shuí ar bhord Chomhlacht Forbartha na nDéise atá ina chomhlacht áitiúil forbartha, a oibríonn chun tionscnaimh phobail sa Rinn agus sa Sean Phobal a chur chun cinn.

## Cúrsaí Cumarsáide

Cuireadh le chéile Foireann Chumarsáide a shocraigh amach Straitéis chuimsitheach le plé le páirtithe leasmhara uile Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus shonraigh siad sa straitéis úd an fhís láidir, na cuspóirí agus na príomhtheachtaireachtaí chun an caighdeán is airde i seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar. Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge tiomnaithe chun áirithiú go mbeidh gach aon chumarsáid mear, soiléir, cuí, leanúnach, ionraic, dírithe agus inrochtana.

## Seirbhísí Custaiméara

Tá dhá Deasc um Sheirbhísí do Chustaiméirí á n-oibriú ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, ceann acu ag Nuashráid Baileys, Port Láirge agus an ceann eile sna hOifigí Cathartha, Cé Dáibhéid, Dún Garbhán. Pléann foireann sciliúil um Sheirbhísí do Chustaiméirí le gach fiosrúchán ag ceann amháin nó ceann eile de na hionaid seo. Pléann an Rannóg um Sheirbhísí do Chustaiméirí le 1,600 glaoch gutháin in aghaidh na seachtaine, ar an meán agus tagann suas le 1000 custaiméar go dtí na deascanna um Sheirbhísí do Chustaiméirí in aghaidh na seachtaine.

# BAINISTÍOCHT FORBARTHA

## Iarratais Phleanála

Bíonn an bhainistíocht forbartha ag dreim i gcónaí chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn seachas forbairt agus sin amháin a smachtú. Fuarthas 697 iarratas ar chead pleanála in 2014 (bhí 80 ceann de na hiarratais úd ag iarraidh Síneadh Ama ar Chead Pleanála). Ceadaíodh 541 iarratas agus diúltaíodh do 44 iarratas.

Bhí 22 achomharc curtha faoi bhráid an Bhoird Phleanála. Ghlac An Bord Pleanála cinneadh i dtaobh 10 iarratas, seasadh le cinneadh an Údaráis Phleanála i dtaobh 8 iarratas agus freaschuireadh dhá iarratas.

Soláthraíonn An Rannóg Pleanála seirbhís chomhairliúcháin réamh-phleanála agus d'eisigh sí 352 tuairisc do chustaiméirí in 2014.

## Forfheidhmiú Pleanála

In 2014 fuarthas 202 gearán i dtaobh oibreacha a rabhthas ag tabhairt fúthu gan cead pleanála nó gan iad a bheith ag cloí leis an gcead áirithe a tugadh.

| | |
|---|---|
| Gearáin a fuarthas | 202 |
| Líon na gcásanna a socraíodh le linn 2014 | 102 |
| Líon na gcásanna a díbheadh | 11 |
| Líon na gcásanna a réitíodh trí idirbheartaíocht | 78 |
| Líon na gcásanna a socraíodh de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | 13 |

# PLEANÁIL CHUN CINN, CAOMHANTAS AGUS OIDHREACHT

## Pleananna Forbartha

Tá an Plean Forbartha i gcroílár an chórais phleanála agus soláthraíonn sé an chreatlach straitéiseach agus an comhthéacs polasaithe ina nglactar cinntí. Is feidhm fhorchoimeádta de chuid chomhaltaí tofa na Comhairle í an Plean Forbartha a chur le chéile.

Ba í Comhairle Cathrach Phort Láirge a chuir le chéile Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2013-2019 ar an 11 Feabhra 2013. Ba í Comhairle Contae Phort Láirge a chuir le chéile Plean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011-2017 ar an 14 Feabhra 2011. Tá Plean Bhaile Dhún Garbhán i bhfeidhm don tréimhse 2012-2018. Tá an tÚdarás Pleanála ag déanamh athbhreithniú ar Phlean na Cathrach agus na Contae (nó ar athrú a gheofaí a dhéanamh air), agus ag nótáil aon difríochtaí suntasacha a bhaineann le Polasaithe, le caighdeáin forbartha agus araile a gheobhadh coimhlintí a chothú idir próisis phleanála na Cathrach agus na Contae.

Leag Pleananna na gCeantar Áitiúil amach an straitéis forbartha iomlán agus an chreatlach i gcomhair pleanála cuí agus forbairt inmharthana na gceantar ábhartha. Rinneadh athbhreithniú ar thrí Phlean na gCeantar Áitiúil do Thrá Mhór, don Lios Mór agus do Phort Lách agus ullmhaíodh Pleananna nua ar ghlac Comhairle Contae Phort Láirge leo ar an 10 Feabhra 2014, don tréimhse 2014-2020.

In 2014 d'ullmhaigh an Chomhairle Cónasctha Comhscéim do Ranníocaíocht Forbartha; cuireadh an dréacht ar taispeáint don phobal ón 23 Deireadh Fómhair go dtí an 8 Nollaig agus glacadh leis in 2015.

Tosaíodh ar athbhreithniú ar pholasaithe Phleananna Cathrach agus Contae in 2014 le deimhniú go mbeadh na polasaithe cónasctha, na criosanna talún agus caighdeáin forbartha na bPleananna Forbartha ag luí le chéile agus ag tacú le cuspóirí aontaithe na Comhairle.

## Caomhantas na hOidhreachta Tógtha

Tá 1,854 struchtúr ar fad, atá faoi chosaint, ar Thaifead na Struchtúr Caomhnaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Tá 932 de na Struchtúir úd atá faoi chosaint lonnaithe laistigh de limistéar na Contae (Dún Garbhán san áireamh) agus an 922 struchtúr eile atá faoi chosaint lonnaithe sa chathair.

In 2014, faoi bhrat Scéim Tacaíochta Post san Oidhreacht Thógtha, leithdháileadh €234,000 chun cabhrú le deisiúchán 24 cinn de na Struchtúir faoi Chosaint trasna na Cathrach agus na Contae.

## Caomhantas na hOidreachta Nádúrtha

Cheadaigh An Chomhairle Oidhreachta maoiniú de €25,000 i gcomhair 5 tionscnamh Oidhreachta in 2014 agus b'iad seo a leanas na tionscnaimh a bhí i gceist: Iniúchóireacht Oidhreachta Abhainn na Siúire, Tobair Bheannaithe i bPort Láirge, Port Láirge na hAiltireachta, Ceardlanna ar Chúram agus Caomhantas Reiligí Stairiúla agus Imeachtaí Oidhreachta. Cuireadh na tograí go léir i gcrích agus beidh léaráidí á gcur leis an taighde ar na Tobair Bheannaithe agus foilseofar i bhfoirm leabhair é in 2015.

## Forbairt déanta ag an gComhairle

Baineadh úsáid as nós imeachta Cuid 8 faoi Rialúcháin na Pleanála & na Forbartha 2001, seacht n-uaire in 2014. Baineann an nós imeachta úd le forbairtí atá molta agus atá le bheith curtha i gcrích ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus san áireamh ann tá tús an phróiseas pleanála chun forbairt chónaithe a thógáil ag Áirse an Chathaoirligh, oibreacha inmheánacha in Halla na Cathrach, oibreacha sa Ríocht Phoiblí/Réimse Poiblí laistigh de Thriantán na Lochlannach agus Oibreacha Coinneála agus críoch le hOibreacha Athchóirithe ag Uimhir 34, An Meal, agus ag Uimhir 120/121 Cé na Paráide. Go luath sa bhliain, baineadh úsáid as Cuid 8 den nós imeachta chun Saoráid Díleá Anaeróbach a fhorbairt i gCill Bharra agus chun Carrchlós agus Oibreacha i gcomhair Droichead Rochtana go dtí na hOibreacha Gáis ag Cois Abhann.

### Scéim do Ranníocaíocht Forbartha

Bhí iomlán de €824,995 de ranníocaíochtaí forbartha don Chathair agus don Chontae le chéile in 2014. Tá an ciste imfhálaithe i gcomhair tionscadal caipitil nach bhfaighfí maoiniú a thabhairt dóibh trí dheontais Rannóg Rialtais. Tá na ranníocaíochtaí a toibhíodh d'uisce (draenáil dramhuisce agus soláthar uisce)aistrithe go dtí Oibreacha Inmheánacha ó mhí Eanáir 2014.

Tá dul chun cinn déanta leis an obair chun na córais (scartha)do ranníocaíochtaí a cónascadh faoin gcóras cónasctha nua PDC agus tá an obair ag leanúint ar aghaidh chun na ranníocaíochtaí forbartha amuigh (gan íoc) a bhailiú.

# AG GLACADH CÚRAIM D'EASTÁIT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE (UHDS)/STRUCHTÚIR CHONTÚIRTEACHA/LÁITHREÁIN THRÉIGTHE

## Eastáit á nglacadh ar láimh

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir leis an bPróiseas Tógáil i gCúram agus tá dréacht-pholasaí cumaiscthe ann faoi láthair. Thóg an t-údarás cumaiscthe, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, 18 eastát i gcúram sa bhliain féilire 2014. Thóg Comhairle Contae Phort Láirge 7 n-eastát i gcúram sa sé mhí de 2014 roimh an chónascadh. Leanfar leis an obair a liachtaí eastát agus is féidir a ghlacadh ar lámh in 2015 ach téann iliomad tosca i bhfeidhm ar an bpróiseas glacadh ar láimh agus tagtar salach air lena leithéid de thosca agus deacracht plé le forbróirí chun obair lochtach agus easnaimh a chur ina ceart; moill shuntasach leis na hinstitiúidí airgeadais/na bainc/cúrsaí árachais/faighteoirí a thógáil ar bord; plé le hOibreacha Inmheánacha mar aonán seachtrach; ceisteanna ginearalta dlíthiúla, a mhacasamhail agus éasúintí, cearta slí, agus araile. Is gá na constaicí úd ar fad a shárú sula gcuirtear an próiseas glacadh ar lámh i gcrích ina iomláine.

## Forbairt Tithíochta Neamhchríochnaithe

Is é an príomhfhócas ná aon cheist phráinneach a bhaineann le sábháilteacht phoiblí a réiteach láithreach agus dul i ngleic ansin le haon mhórlocht eile a aithnítear a bheith i bhforbairtí tithíochta neamhchríochnaithe. Tá an tÚdarás Pleanála ag brath ar phríomhpháirtithe leasmhara, a leithéid agus NAMA, Bainc, Faighteoirí, Leachtaitheoirí, Soláthróirí Urrúis agus Sealbhóirí Bannaí, chun oibriú i gcomhar leis an Údarás Pleanála agus leis na conraitheoirí, forbróirí agus an dream is tábhachtaí ar fad, na háitritheoirí, chun Pleananna Réitigh Láithreáin a sholáthar chun an tEastát a chríochnú de réir na gcaighdeán inghlactha, chun an próiseas glacadh ar lámh a chur i gcrích.

## Próiseas Um Sheiceáil Comhlíonachta

Tá 29 eastát sa Phróiseas Um Sheiceáil Comhlíonachta i láthair na huaire agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le gníomh forfheidhmiúcháin chun críoch agus comhlíonacht a bhaint amach.

## Láithreáin Thréigthe

Bhí an bhliain 2014 suntasach sa tslí inar athraíodh mórán de na slite inar phléigh An Chomhairle le láithreáin thréigthe. Bhíodh láithreáin thréigthe faoi chúram Rannóg Chomhshaoil na Comhairle Contae agus Rannóg Pleanála na Comhairle Cathrach, mar a bhíodh ann, roimh mhí an Mheithimh 2014. Bhíodh Comhairle Baile Dhún Garbhán ag plé lena leithéid de cheisteanna a thagadh aníos i gceantar uirbeach Dhún Garbhán. Ó cuireadh an cumasc i bhfeidhm idir Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, tá an Rannóg Pleanála atá lonnaithe i nDún Garbhán ag plé le láithreáin thréigthe.

De bharr an chumaisc, ba é ceann de na tosaíochtaí ná na bunachair éágsúla ag na trí údarás éagsúla a fhí le chéile fad is a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar chomhaid aonair ag an am céanna. Leanadh gach aon ghearán agus cuireadh beart cuí i bhfeidhm dá réir maidir le cásanna a bhí ann roimhe sin, de réir mar ba ghá le linn an ama chéanna. Eisíodh 17 litir rabhaidh agus fógraí de réir an Acht Um Láithreáin Tréigthe 1990, sa bhliain 2014.

Agus cíoradh cuimsitheach ar chomhaid agus ar bhunachair déanta agus gearradh siar dá réir, tá 32 réadmhaoin fós ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Braitheann an t-ionchas go ndéanfar obair ar a leithéid de réadmhaoin agus an t-úinéir a aithint; costas na n-oibreacha; luach na réadmhaoine;sóchmhainneacht an úinéara nó a mhalairt. Tabhair faoi deara go dtarraingítear aird na Comhairle ar go leor réadmhaoine eile agus réitítear an cheist gan iad a bheith curtha ar an gClár.
Faoi Acht Um Láithreán Tréigthe d'ullmhaigh an Chomhairle liosta athbhreithnithe de cheantair forordaithe mar cheantair uirbeacha, sa ráithe dheireanach de 2014.

## Struchtúir Chontúirteacha agus Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Roimh an gcumasc, ba í an Rannóg Tithíochta sa Chomhairle Contae (Comhairle Baile Dhún Garbhán san áireamh) agus an Rannóg Pleanála sa Chomhairle Cathrach, a riar struchtúir chontúirteacha (de réir rialúchán an tAcht Rialtais Áitiúil 1964 (Seirbhísí Sláintíochta).

Ó uair an chumaisc is í an Rannóg Pleanála atá lonnaithe i nDún Garbhán a phléann leo.

Pléitear le ceisteanna i dtaobh struchtúr contúirteach de réir mar a thagann siad chun cinn. Ní nach ionadh gur minic a chríochnaíonn láithreán tréigthe ina struchtúr contúirteach.

Sa bhliain 2014, thosaigh áitreabh tréigthe, nach raibh in úsáid le fada agus a bhíodh ina theach tábhairne, ag titim anuas, amach ar bhóthar poiblí ag an Sean Chill Mhíodáin. Bhí an ceantar fágtha ag na húinéirí agus gan tásc ná tuairisc orthu. Bhí ar an gComhairle dul i bhfóirithint ar chúrsaí, an struchtúr a leagan agus an láithreán a ghlanadh. Ina theannta sin rinneadh obair i dtrí eastát tithíochta neamhchríochnaithe chun riosca do shábháilteacht phoiblí a laghdú (maoinithe ag an Roinn Comhshaoil).

Leanann an tÚdarás Pleanála leis ag obair le hinsitiúidí airgeadais, NAMA agus le haon aonán comhairleoireachta eile (ina bhfaigheadh maoiniú a bheith le fáil) chun ceisteanna a bhaineann le tréigean eastát, struchtúir chontúirteacha agus eastáit neamhchríochnaithe a réiteach.

## Ceadúnais d'Imeachtaí Allamuigh

Faoin Acht Pleanála is gá ceadúnas a fháil chun 'imeachtaí allamuigh' ar mhórscála a eagrú. In 2012 phróiseáil Comhairle Contae is Cathrach Phort Láirge 3 Ceadúnas Imeachtaí, ceann do Pharáid Sráide Lá Fhéile Pádraig agus Féile Spraoi i mí Mheán Fómhair, san áireamh.

# Tithíocht, Pobal & Cultúr



# Tithíocht

"Is í mórsprioc na Rannóg Tithíochta ná soláthar ar lóistín ar dhea-chaighdeán a éascú dóibhsean is mó gátair agus pobail inmharthana a fhorbairt i gCathair Phort Láirge".

## An Clár Tithíochta

Baintear amach an sprioc chun soláthar a éascú ar lóistín ar dhea-chaighdeán dóibhsean is mó gátair trí réimse leathan ilghnéitheach de chláir tithíochta agus de sheirbhísí á bheith á seachadadh ag an Rannóg Tithíochta ar bhonn leanúnach. Ba iad na réitigh Tithíochta seo a leanas a seachadadh in 2014.

| | |
|---|---|
| Aonaid nua-athchóirithe ón stoc atá ar láimh | 107 |
| Comharbas Tionóntachtaí | 32 |
| Tithe ar tugadh cúnamh dóibh leis an Deontas Um Chúnamh Tithíochta | 169 |
| Aistriú Tithíochta | 35 |

Chinntigh na cláir thuasluaite gur seachadadh lóistín ar dhea-chaighdeán chun riachtanas fadtréimhseach tithíochta teaghlach sa Chathair a réiteach in 2014.

## Measúnú ar Riachtanais Tithíochta agus Iarratais Nua

In 2014 measadh go raibh 691 teaghlach i dteideal tacaíochta i gcomhair tithíochta sóisialta i gCathair agus i gContae Phort Láirge.

Críochnaíodh an chothabháil phleanáilte seo a leanas in 2014

| | |
|---|---|
| Cothabháil /deisiúcháin ar Choire Gáis | 1010 aonad |
| Tástáil Radóin a rinneadh in 2013 | 75 aonad |
| Suiteáil Fuinneog agus Doirse | 55 aonad |
| Tinteáin athsholártha/deisithe | 66 aonad |
| Athchóiriú ar Thithe gan áitiú | 132 aonad |
| Feabhsúcháin Inslithe | 645 aonad |
| Iarratais ar chothabháil tithíochta a réitíodh | 5819 aonad |
| Freagairt do ghlaonna éigeandála iar-ama | 84 aonad |

## Caighdeáin Teaghaisí Príobháideacha atá ar cíos

Le linn 2014 rinne an Rannóg Tithíochta cigireacht fhoirmiúil ar 887 teaghais phríobháideach atá ar cíos chun comhlíonacht rialúcháin um chaighdeáin teaghaisí príobháideacha a sheiceáil agus a chur i bhfeidhm.

## Scéimeanna Deontais Um Oiriúnú Tithe do Sheanóirí agus do Dhaoine faoi Mhíchumas

- Tá Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí ar fáil chun cabhrú le seanóirí atá ag maireachtáil i dtithe a bhfuil drochbhail orthu chun deisiúcháin riachtanacha nó feabhsúcháin a chur i gcrích. Tá uasmhéid de dheontas €8,000 ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha.
- Tá Deontas Um Oiriúnú Tí ar fáil do dhaoine faoi Mhíchumas chun cabhrú le hobair atá riachtanach a chur i gcrích chun an teach a chur in oiriúint do dhuine faoi mhíchumas gur ball den teaghlach sa teach sin é. Tá uasmhéid de dheontas €30,000 ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha.
- Tá Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ar fáil chun cúnamh deontais a chur ar fáil go mear chun cabhrú leis an gcostas a bhaineann le hoibreacha bunúsacha chun dul i ngleic go príomhdha, ach ní go heisiach, le fadhbanna soghluaiseachta a bhaineann le dul in aois. Tá uasmhéid de dheontas €6,000 ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha.

Le linn 2014 próisealadh 169 deontas agus faomhadh iad agus íocadh as 163 iarratas.

## Scéim Um Riachtanais Tosaíochta

De bharr an mhóréilimh, líon na n-iarratas a fuarthas ar na scéimeanna deontais thuasluaite agus an maoiniú a bhí ar fáil shocraigh an Chomhairle Cathrach ar scéim tosaíochta a chur i bhfeidhm.

Tá an scéim Deontais Um Oiriúnú Tithe do Sheanóirí bunaithe ar oibrithe riachtanacha bunúsacha a bheith curtha i bhfeidhm ar an bhfoirgneamh féin, le cinntiú go mbeidh an t-áitritheoir inniúil fuireach ina chónaí ina theach féin agus ina chomharsanacht féin.

Oibríonn na Scéimeanna do Dhaoine atá faoi Mhíchumas ar an mbonn go dtugtar tosaíocht dóibhsean a bhfuil an riachtanas leighis is tromchúisí acu.

**Scéimeanna Deontais Um Oiriúnú Tithe do Sheanóirí agus do Dhaoine faoi Mhíchumas 2014**

| **Scéim Deontais 2014** *Uasmhéid an Deontais* | **Líon na n-iarratas faighte** | **Líon na n-iarratas faofa** | **Luach na n-íocaíochtaí ar iarratais** | **Meánchait-eachas in aghaidh an iarratais** | **Líon na n-iarratas a íocadh ina leith** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Scéim Deontais do Sheanóirí** *Uasmhéid an Deontais €8,000* | 93 | 59 | €249,101.84 | €4,700.00 | 53 |
| **Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas** *Uasmhéid an Deontais €30,000* | 53 | 25 | €516,662.08 | €20,666.00 | 25 |
| **Scéim na nÁiseanna Soghluaiseachta** *Uasmhéid an Deontais €6,000* | 117 | 85 | €297,745.02 | €3,503.00 | 85 |
| **Iomlán** | **263** | **169** | **€1,063,508.94** | | **163** |

Lean Comhairle Cathrach Phort Láirge lena ról ag tacú le pobail agus ag obair le gníomhaireachtaí eile maidir le forbairt áitiúil in 2014. Tá Rannóg na Seirbhísí Pobail fós rannpháirteach i dtionscnaimh/struchtúir a chuireann le forbairt na Cathrach lena leithéid de chomhpháirtithe agus An Clár um Fhorbairt Áitiúil & Pobail agus Ionaid Áitiúla Acmhainní Teaghlaigh chomh maith le seirbhísí a chur ar fáil agus ionadaíocht a bheith aici ar an iliomad coistí agus bord.

## Ag cosc iompair fhrithshóisialta

Fiosraíonn Comhairle Cathrach Phort Láirge gach aon iarratasóir ar réitigh tithíochta maidir le haon iompar frithshóisialta.

In 2014 phléigh an t-aonad le 229 gearán maidir le hIompar Frithshóisialta.

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

In 2014 riar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, mar an bPríomhúdarás ag bainistiú Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i gceantar an Oirdheiscirt, maoiniú leithdháilte réigiúnach de €1,787,498 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Leithdháil gach Údarás Áitiúil sa cheantar 10% breise ar sholáthraithe sheirbhísí do dhaoine gan dídean laistigh de cheantar an Údaráis Áitiúil faoi seach.

San iomlán tugadh maoiniú do 17 seirbhís a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine atá i mbaol a bheith gan dídean sna réimsí seo a leanas:

- Easpa Dídine a chosc
- Marthanacht Tionóntachta agus Tacaíochtaí Athlonnaithe
- Cóiríocht Éigeandála
- Tacaíocht Fhadtréimhseach do Chóiríocht
- Tearmainn dóibhsean atá faoi bhagairt/ag fulaingt Foréigean Teaghlaigh

Tháinig 707 duine go dtí 17 seirbhís chun rochtain a fháil ar chóiríocht éigeandala. Fuair 673 duine rochtain ar chóiríocht éigeandála ar fud an limistéir le linn 2014 agus d'fhág 421 duine cóiríocht éigeandála agus i gcás na ndaoine sin lonnaíodh 161 díobh i dtionóntachtaí fadtréimhseacha

707: líon na ndaoine a tháinig chun na seirbhísí ag iarraidh rochtain ar chóiríocht éigeandála in 2014.
673: líon na ndaoine a fuair rochtain ar chóiríocht éigeandala ar fud an limistéir le linn 2014
421: líon na ndaoine a d'fhág cóiríocht éigeandála le linn 2014
161: lion na ndaoine ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh i dtionóntachtaí fadtréimhseacha le linn 2014.

| **An Chéad Ráithe** | **Iarratas Nua** | **Athiarratas** |
|---|---|---|
| Líon na n-iarratas sa tréimhse tuairiscithe | 113 | 75 |
| **An Dara Ráithe** | **Nua** | **Athiarratas** |
| Líon na n-iarratas sa tréimhse tuairiscithe | 104 | 71 |
| **An Tríú Ráithe** | **Nua** | **Athiarratas** |
| Líon na n-iarratas sa tréimhse tuairiscithe | 106 | 105 |
| **An Ceathrú Ráithe** | **Nua** | **Athiarratas** |
| Líon na n-iarratas sa tréimhse tuairiscithe | 78 | 55 |

Mar chuid den phróiseas cónasctha, chumaisc an Rannóg Pobail de Chomhairle Contae Phort Láirge le Rannóg na Seirbhísí Pobail i gComhairle Cathrach Phort Láirge.

## Gradaim Mhórtas Ceantair

Tá an-teist go deo ag Port Láirge le blianta fada anuas sa Chomórtas Mhórtas Ceantair agus bhí Port Láirge i measc na mbuaiteoirí arís in 2014:

Rannóg Daonra 250-750
Comhbhuaiteoir: An Aird Mhór, Co Phort Láirge

Rannóg Sláinte Pobail - Cathracha
Buaiteoir: Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge

Bronnadh na duaiseanna ag an dara hócáid déag bhliantúil de Ghradaim Mhórtas Ceantair IBP le Co-Operation Ireland, in Inis i mí na Samhna 2014.

## Comhairle na nÓg

Ba bhliain í 2014 ina ndearna Comhairle na nÓg Phort Láirge an-dul chun cinn. I measc na mórthionscnamh a bhí idir lámha aici bhí an pacáiste acmhainní do chlár OSPS do scoileanna agus do eagrais óige 'Cad is Áilleacht ann?' ('What is Beauty?') a phléigh le híomhá colainne mar théama.

Cumascadh Comhairlí na nÓg na Cathrach agus na Contae in 2014. Bhí athsheoladh agus cruinniú cinn bliana an nuastruchtúir ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus bhí 300 duine óg ó áiteanna ar fud na Cathrach agus na Contae i láthair ag an ócáid sin. Cuireadh tús le comhairliúchán do Bheartas Thrí Bliana an Choiste Um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga a leag dúshraith d'ionchur Chomhairle na nÓg sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

Ghlac 82% (115) de na scoileanna áitiúla agus na heagrais óige páirt sa scéim Comhairle na nÓg in 2014- ceann de na rátaí rannpháirtíochta ab airde in Éirinn.

Ghlac Comhairle na nÓg páirt ghníomhach sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus sa Choiste Áitiúil Forbartha Pobail amach sa bhliain 2014. Ina theannta sin thug baill den Chomhairle tacaíocht leanúnach do thionscnaimh agus d'fhéilte áitiúla mar oibrithe deonacha.

Bronnadh an gradam Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Comhlachais Éireann ar dhea-chleachtas i gcomhpháirteachas an tSaoránaigh a mhealladh, ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge as a dea-chleachtas, rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn trí Chomhairle na nÓg Phort Láirge.

## Fóram Pobail/Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Tionóladh an chéad chruinniú de Líonra Rannpháirtíochta Pobail Phort Láirge (PPN) ar Phríomhchampas Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ar an 29 Meán Fómhair.

Chuir an Rialtas an líonra úd chun cinn faoi bhrat an tionscnaimh 'Ag cur Daoine i dtosach' agus is é Líonra Rannpháirtíochta Pobail Phort Láirge an príomhnasc atá ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leis na rannóga pobail, deonacha agus comhshaoil.

Lean cruinniú iomlánach an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ó chruinnithe Cheantar Bhardasach an Líonra a tionóladh i gCoill Mhic Thomáisín, Dún Garbhán agus ar an Trá Mhór.

## Deontais Phobail

Bhí 139 iarratas ag Scéim Deontais Chomhairle Cathrach Phort Láirge in 2014 agus próiseáladh iadsan le linn na bliana. Bhí tús á chur le 'Ciste ag Tacú le Pobail Phort Lárge 2015' ag deireadh na bliana 2014.

## Plean Pobail

Tosaíodh ar obair réamhullmhúcháin ar Phlean Pobail do Chathair agus do Chontae Phort Láirge in 2014. Múnlóidh an Plean 6 bliana seo gnéithe tábhachtacha Phlean Áitiúil Geilleagair agus Pobail do Phort Láirge.

## Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil

Thosaigh *Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil (LCDC)* de chuid Phort Láirge a bhunaigh an Chomhairle, ag ullmhú cuid an Phobail den Phlean Áitiúil Geilleagair agus Pobail a leagfaidh dúshraith i gcomhair cur chuige níos soiléire, athchóirithe agus níos comhordaithe i leith clár áitiúil agus pobail. Tá an phríomhfhreagracht ag Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil as forbairt áitiúil a phleanáil agus as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt áitiúil. Tá ionadaíocht ag an rialtas áitiúil, ag gníomhaireachtaí stáit, ag páirtithe leasmhara pobail áitiúil agus forbartha agus ag páirtithe leasmhara sóisialta, pobail agus eacnamaíochta ar Choiste Forbartha an Phobail Áitiúil (LCDC).

## Oifigigh Um Thacaíocht Phobail

Ceapadh Oifigeach Um Thacaíocht Phobail i gcomhair gach aon Cheantair Bhardasaigh/Toghcheantair Mheitreo. Thug na hOifigigh úd tacaíocht chun cumainn áitritheoirí agusc comhairlí pobail a bhunú. Thosaigh próiseas Oifigí For-rochtana dá réir.

## Cuimsiú Sóisialta

Cuireadh tús leis an gClár Ghníomhachtúchán Pobail Um Chuimsiú Sóisialta i gcomhair Phort Láirge go déanach sa bhliain 2014.

Rinneadh dul chun cinn i dtionscain ilghnéitheacha, cuimsiú an lucht siúil, pobail nua agus agus aosú folláin.

## Seachtain Náisiúnta na Rothar

D'eagraigh an Chomhairle clár suimiúil, ilghnéitheach i gcomhair na seachtaine i mí an Mheithimh i gcomhair le Comhpháiríocht Spóirt Phort Láirge, pobail éagsúla, scoileanna agus clubanna.

## Seachtain Náisiúnta Chaitheamh Aimsire/Lá Náisiúnta Spraoi

Eagraíodh imeachtaí sa Chathair agus sa Chontae i gcomhair Seachtain Náisiúnta Chaitheamh Aimsire agus an Lá Náisiúnta Spraoi, le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge. Thug an tseachtain ainmnithe seo deiseanna do dhaoine óga triail a bhaint as gníomhaíochtaí nua, nach mbeadh triailte acu cheana b'fhéidir, chomh maith le feasacht pobail a mhéadú maidir le tábhacht áineasa do dhéagóirí.

## Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge

D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i gcomhpháirtíocht rathúil le chéile ar líon áirithe tionscadal, Turas Phort Láirge Seán Kelly agus Seachtain na Rothar san áireamh.

## Ionad Réigiúnach Spóirt

Lean an tIonad Réigiúnach Spóirt ag cur feabhais ar a shaoráid iomlán in 2014 agus fuarthas trealamh feidhmíochta giomnáisiam agus luthchleasaíochta le maoiniú ó SportNation. Ina theannta sin leithdháileadh €300,000 i gcomhair dromchla Astroturf trí Chlár Caipitiúil Spóirt de chuid DTTS.

## Ionad Spóirt Dhún Garbhán

Athchóiríodh Ionad Spóirt Dhún Garbhán in 2014. Cuireadh úrlár isteach trí mhaoiniú SportNation. Leantar ag cur feabhsúcháin i bhfeidhm ar an tsaoráid spóirt seo.

## Galfchúrsa Bhaile Liam

Tháinig méadú ar líon na n-áirithintí agus na mbabhtaí in 2014-tharla seo de bharr na bhfeabhsúchán leanúnach don chlós 6,700 slat, an galfchúrsa 72 par agus an feachtas dian margaíochta a cuireadh i bhfeidhm le margaí maithe i dtaobh na dtáillí de.

# Seirbhís Leabharlainne

Cuireadh le seirbhísi uile Leabharlanna Chathair agus Chontae Phort Láirge nó rinneadh forbairt orthu le linn 2014.

**Cumaisc an Dá Sheirbhís Leabharlainne**

Leis an gcumaisc, leathnaigh gréasán bhrainse na Leabharlainne amach agus bhí iomlán d'aon ionad déag ag an Leabharlann Áitiúil ag Bóthar de Brún Ard Cinn, Dún Garbhán, Trá Mhór, An Lios Mór, Port Lách, Ceapach Choinn, Coill Mhic Thomáisín, Dún Mór Thoir agus Tulach an Iarainn; le Ceanncheathrú Leabharlainne don Chathair agus don Chontae bunaithe in iosta Charraig an Phiarais.

## Ag casadh an Fhóid ag Leabharlann Charraig an Phiarais

Dé Luain, 3 Feabhra, chas Méara Phort Láirge an Comhairleoir John Cummins an fód ag searmanas chun tús tionscnaimh nuálaigh ar láithreán 5 acra i gCarraig an Phiarais a shonrú ina mbeidh leabharlann phoiblí 650 méadar cearnaithe, halla ilchuspóra agus saoráidí pobail le dhá bhunscoil le sé sheomra ranga dhéag iontu.

## Forbairt Seirbhíse

**Foghlaim ar Feadh an tSaoil**

D'oibrigh Leabharlanna Chathair agus Chontae Phort Láirge le 50 grúpa éagsúil sa chathair agus sa chontae a bhfuil baint acu le foghlaim ar feadh an tsaoil agus litearthacht in 2014. I measc na n-imeachtaí agus na bhféiltí a céiliúradh le linn 2014 bhí AONTAS, Bealtaine, Seisiúin an tSamhraidh ag Leabharlann Ard Cinn, Seachtain Um Fheasacht Litearthachta, Seachtain Um Aosú Dearfach agus Seachtain Leabharlainne na hÉireann.

**Féile Bealtaine**

Ba é téama Fhéile Bealtaine 2014 ná líne ó dhán Seamus Heaney, *Postscript* "And catch the heart off guard". In 2014 ghlac 1200 duine páirt in 83 imeacht ar fud Leabharlann Chathair agus Chontae Phort Láirge.

## Seirbhísí Gnó, Fiontair agus Fostaíochta

**Aonach Comhairle do Phoist san Eoraip** - In 2014 d'eagraigh an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Lárleabharlann Aonach Comhairle Réigiúnach/Náisiunta ar Phoist san Eoraip ar an 15 agus an 16 Bealtaine.

**An Lárionad Díreach chun na hEorpa -** In 2014 rinneadh os cionn 3000 teagmháil phearsanta leis an bpobal, 400 ríomhphost agus glaoch gutháin san áireamh. Tugadh breis agus 900 cuairt ar rannán Phort Láirge den suíomh www.europedirect.ie agus i measc na n-imeachtaí a eagraíodh bhí an t-imeacht "Thank You Ireland", taispeántas grianghrafadóireachta de chuid na bPolannach agus imeacht iar-Troika ar fhreastail an tIarAire Mary Ó Rourke air.

## Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge

Tharla Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge idir 20 agus 23 Márta 2014. D'fhreastail os cionn **1,300** duine ar imeachtaí le linn na Féile. Ar chlár na Féile bhí 9 ceardlann agus 23 imeacht, 'Gradaim Seán Dunne do Scríbhneoiri Óga' agus seisiún le Fiona Doyle, údar "Too Many Tears" in agallamh le Dave Kenny.

## An Léann Áitiúil

In 2014 bhí Rannóg an Léinn Áitiúil de Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge páirteach sna himeachtaí seo a leanas: **Seó bóthair an Chogaidh Mhóir** Dé Sathairn 17 Bealtaine 2014; **an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta-**I mí Lúnasa mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Naisiúnta tharla na himeachtaí seo a leanas sa Lárleabharlann; **Taispeántas Oibre na mBan Lochlannach- taispeántas de cheardscileanna agus d'éadaí na mbanlochlannach ón tréimhse inar lonnaigh siad i bPort Láirge; Cuimhneachán na Marbh i gCo Phort Láirge-**léacht a thug staraí áitiúil Julian Walton; **Éire in 1914:Saoirse, Dílseacht agus Tnútháin-**léacht a thug Diarmaid Ferriter. In 2014 phléigh Rannóg an Léinn Áitiúil de chuid na Lárleabharlainne le 2479 fiosrúchán, 9 turas agus 243 den phobal a d'fhreastail ar sheoltaí/ceardlanna/léachtaí.

## Scoileanna, Páistí agus Déagóirí

D'eisigh an tseirbhís leabharlainne 16,610 mír ar iasacht fhadthréimhseach do 60 réamhscoil, bunscoil agus iarbhunscoil. I measc na dtionscan eile bhí **Blaa Blaa Secondary School Book Club –**ar bhain 1,318 déagóir scoile úsáid as tríd na scoileanna ina raibh siad in 2014; **Tionscnamh Champa Samhraidh Litearthachta agus Uimhreachta de chuid DEIS** –Mar chuid den Tionscnamh Champa Samhraidh Litearthachta agus Uimhreachta 2014 de chuid DEIS, rinne an fhoireann leabharlainne forbairt agus seachadadh ar champai leabharlainne dhá uair a chloig; **Turais ar Ranganna Bunscoile; Féile Leabhair na Leanaí-**In 2014, d'fhreastail 3,364 páiste ar 59 imeacht ar fud na contae agus **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh 2014-** ghlac 1300 páiste páirt i nDúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh 2014.

## Teicneolaíocht

Leathnaíodh cuid de na seirbhísí a sholáthraíonn an Chathair go dtí an Chontae; **Fairsingiú Forthiomána,** seirbhís ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhar, **Fairsingiú ar sheirbhís chartlann Nuachtáin, Fairsingiú ar Stair Mhuintire** acmhainn ar líne.

## Táscairí Seirbhíse 2014: Seirbhís Leabharlainne Chathair agus Chontae Phort Láirge

## L1: Uaireanta Oscailte na Leabharlainne Poiblí

- Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna lánaimseartha: 36.4[1]
- Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna páirtaimseartha: 15.9[2]
- Líon na leabharlann lánaimseartha a osclaíonn le linn am lóin: 3/5 (60% de leabharlanna lánaimseartha)
- Líon na leabharlann lánaimseartha a osclaíonn sna tráthnóntaí: 4/5 (80% de leabharlanna lánaimseartha)
- Líon na leabharlann lánaimseartha a osclaíonn Dé Sathairn: 3/5 (60% de leabharlanna lánaimseartha)

## L2:Cuairteanna ar Leabharlann

Líon Iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha: 445,350[3]

Líon Iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha in aghaidh daonra de 1,000 = 3,913.6[4]

---

[1][1] **Meánlíon na n-uaireanta oscailte i leabharlanna lánaimseartha**: ríofa mar seo Lárleabharlann, 2305.5 uair ar oscailt+Leabharlann Ard Cinn 2313 uair ar oscailt+Dún Garbhán 1830.5 +Trá Mhór 1526.5 + An Lios Mór 1490 roinnte ar 52 roinnte ar líon na mbainsí=9465.5/52=182/5=36.4[1]

[1] **Meánlíon na n-uaireanta oscailte i leabharlanna páirtaimseartha** ríofa mar seo::Leabharlann Bhóthar de Brún 985.5 uair ar oscailt + Ceapach Choinn 885 + Coill Mhic Thomáisín 915 + Dún Mór 500 + Port Lách 860 = 4145.5 roinnte ar 52= 79.72/5 = 15.9.

[1] **Líon Iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha** :seo mar a bhí an comhaireamh ag an Lárleabharlann, leabharlann Ard Cinn, Dún Garbhán, Trá Mhór, An Lios Mór = Lárleabharlann 3255 cuairt agus Ard Cinn 2049 cuairt, Dún Garbhán 1974, Trá Mhór 1088, An Lios Mór 541 líon iomlán na gcuairteanna :8907 x 50 = 445350 cuairt.

[1] **Líon Iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha** in aghaidh 1000 duine den daonra ríofa trí líon na gcuairteanna a taifeadann an daonra mar atá taifeadta i nDaonáireamh 2011 a roinnt ar líon: 445350/113.795 =3,913.6 .

## L3:Stoc Leabharlainne

Caiteachas bliantúil ar Stoc in aghaidh an chinn sa daonra: €1.71

Líon na míreanna a eisíodh in aghaidh an chinn sa daonra i gcomhair leabhar: 3.26

Líon na míreanna a eisíodh in aghaidh an chinn sa daonra i gcomhair míreanna eile: 1.21

Caiteachas bliantúil ar stoc: €195,000

Líon iomlán na leabhar a eisíodh: 371,504

Líon iomlán na míreanna eile a eisíodh: 138,411

## L4: Rochtain Idirlín trí leabharlanna

Líon iomlán na seisiún idirlín a soláthraíodh: 66,172[5]

Líon iomlán na seisiún a soláthraíodh in aghaidh daonra de 1,000: 581.50

[5] **Líon iomlán na seisiún tógtha ag custaiméirí i ngach aon bhrainse =** Lárleabharlann 32787:, Ard Cinn 9546:, Br de Brún 719. Dún Garbhán 9376, Trá Mhór 6414, Lios mór 2955, Port Lách 2457, Ceapach Choinn 1323, Coill Mhic Thomáisín 535, Dún Mór 60 = 66172.

# SEIRBHÍS NA nEALAÍON

Le linn na bliana 2014 d'oibrigh Seirbhís na nEalaíon dhá shnáith éagsúla de sholáthar seirbhíse go dtí mí an Mheithimh agus ina dhiaidh sin cumascaíodh an tseirbhís chun **Seirbhís Cathrach agus Contae na nEalaíon** a chruthú.

Le linn 2014, tugadh tacaíocht do raon fairsing d'fhoirmeacha ealaíne.

- Rinne na hEalaíona san Oideachas éascú ar chláir chónaitheachta éagsúla, Scéim Ailtire Cónaitheach i gcomhpháirtíocht le Féile Ailtireachta agus 'Seifte' Phort Láirge, tionscnamh amharcealaíona i gcomhpháirtíocht le hEalaíona Chaisleán an Leasa Mhóir. Cuireadh tús le cláir fhor-rochtana scoileanna le Greyfriars, Áiléar Comhaimseartha Soma, Áiléar/Stiúideo Southpaw agus an tÁiléar Éiritheach Hive.
- Thug Artlinks tacaíocht d'fhorbairt phroifisiúnta ealaíontóirí sa Chathair agus sa Chontae trí sparánachtaí agus meantóireacht clinic i gcomhair gach aon cheann de na healaíona.
- Bhí teagasc ceoil ag Club Ceoil Bhaile na hAbhann agus ar an Trá Mhór agus banc d'uirlisí ceoil do Chomhlucht Forbartha na nDéise san áireamh i dtionscnaimh na nEalaíon.
- Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i dtionscnaimh phobail eile:

  Tionscnamh Cuilteála Pobail i dTulach an Iarainn; ceol ag céiliúradh aosaithe le linn féile na Bealtaine; tionscnamh ceoil do chliaint le bail mheabhairshláinte i gcomhair le hEalaíona Íce Phort Láirge agus d'oibrigh ealaíontóir ar thionscnamh do mhná le Grúpa Taca an Lucht Siúil in Iarthar Phort Láirge. Tugadh tacaíocht do Mary Keane, An Rinn, ealaíontóir scannánaíochta agus rince chun 'Static' a fhorbairt, saothar scannánaíochta is rince a scannánaíodh ag Críochfort sheanaerfort Chorcaí. Chuir ealaíontóir bunaithe cois mara obair ealaíne ar bun le Pobail Cois Cósta.

Leanadh le Gradam Molly Keane do Scríbhneoireacht Chruthaítheach a bhí bunaithe cheana agus leis na ceardlanna sa scríbhneoireacht chruthaitheach, ag cur cumadh nuaghearrscéalta Éireannacha chun cinn.

**<u>I measc na sparánachtaí a tairgíodh d'ealaíontóirí sa Chathair agus sa Chontae bhí:</u>**

Gradam Réigiúnach na nEalaíon Tyrone Guthrie; Sparántacht na nEalaíon Uí Réagáin, Córscoil Samhraidh Ógra na hÉireann; Scoil Samhraidh Ceolfhoireann Ógra na hÉireann, Scoil Samhraidh Sraith Drámaíochta na hÉireann, Sparánachtaí Scríbhneoireachta, Scoil Oiliúna Samhraidh Rince Laban agus Sparánacht na nEalaíon Traidisiúnta Blas, Gairdíní na Sráide Nua, Breogán Dhráma Ógra Phort Láirge stiúrtha ag Jim Nolan, ealaín suiteála Tea Party le Rosemary Dulson agus "Hooked" dráma nua le Gillian Gratton.

Íocadh €90,000 ina iomláine amach go díreach mar dheontais do na healaíona le €145,000 sa bhreis íoctha i dtreo ionad agus breis arís á leithdháileadh ar thionscnaimh éagsúla tríd an gClár Um Fhorbairt na nEalaíon.

Chuir Ionad Ealaíne Theach an Mhargaidh, Dún Garbhán clár taispeántais ar fáil i rith na bliana ar fad, le taispeántais áitiúla, taistil agus náisiúnta ar siúl. Lean Iontaobhas Forbartha na Trá Móire leis an obair in Ionad Cultúrtha Stáisiún Gharda an Chósta.

Rinneadh athbhrandáil ar an Áiléar Soma agus é anois ina Áiléar Comhaimseartha Soma (SCG) agus cuireadh ocht dtaispeántas ar siúl ansin. Chuir an tÁiléar Éiritheach Hive ocht dtaispeántas ar siúl chomh maith agus thug siad cead do Ghrúpa Gairdín na Nuashráide úsáid a bhaint as a spás pobail. Chuir Áiléar Bardasach Greyfriars sé thaispeántas ar siúl.

Thug Áiléar Greyfriars tacaíocht do chlár Winterval le taispeántas Will Sliney thuas staighre agus rogha na féile ón Áiléar Bardasach thíos staighre.

Tugadh stiuideo agus spáis oibre do 20 ealaíontóir in 2014 agus bhí an chuid is mó díobh lonnaithe timpeall ar Shráid Lombard sa Chathair. Bhí naonúr ealaíontóirí eile mar chuid d'Áiléar Skapari. I mí Eanaír bunaíodh SEMS (Déantóir Spáis an Oirdheiscirt) in iartheach trádstórais chlódóireachta de chuid an Munster Express.

Tá sé i gceist athchóiriú a dhéanamh ar Amharclann Halla an Bhaile i nDún Garbhán le linn 2015. I mí Mheán Fómhair fógraíodh go raibh an Compántas Drámaíochta Red Kettle chun scoir. Cheannaigh an Chomhairle na cearta chun ainm an Chomhlachta a choimeád.

Le linn 2014, fuair an clár bliantúil do na healaíona ar fud na Cathrach agus na Contae tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

# Bóithre, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Éigeandála



# Iompair ar Bóthar & Sábháilteacht

I láthair na huaire cothaíonn Cathair & Contae Phort Láirge 2845 km de bhóithre poiblí aicmithe mar Phríomhbhóthar Náisiúnta, Bhóthar Náisiúnta den dara grád, Bhóthar Réigiúnach agus mar Bhóthar Áitiúil. Cuireadh na buiséid don Chathair agus don Chontae i láthair agus iad scartha ó chéile toisc gur glacadh iad ar bhonn scartha roimh an gcónascadh. Is mar seo a leanas a bhí an caiteachas ar chothabháil agus ar fheabhsúcháin na mbóithre in 2014:

| | Cathair | Contae |
|---|---|---|
| Príomhbhóithre Naisiúnta | - | €3,497,526 |
| Bóithre nach Príomhbhóithre Naisiúnta iad | €616,442 | €12,121,435* |
| Bóithre Áitiúla | €995,984 | €3,040,611 |
| | | |

*maoiniú breise i gcomhair Damáiste de dheasca Stoirme agus Scéim Páirtíochta Pobail san áireamh

Tháinig laghdú mór ar na deontais i gcomhair bóithre in 2014. Sin ráite, cuireadh an clár oibriúcháin i gcrích go sásúil agus de réir buiséid.

## Príomhbhóithre Náisiúnta- N25 & N72

Níor cuireadh aon mhórobair cosáin i gcrích ar Phríomhbhóithre Náisiúnta le linn 2014. Deineadh obair fheabhsúcháin ar an N72 ag Ceapach Choinn i rith 2014, le caiteachas de €719,116 i gceist leo.

## Bóithre nach Bóithre Náisiunta iad

Cuireadh clár iomlán um neartú bóithre agus um chóiriú dromchla i gcrích in 2014, de réir Chlár na nOibreacha Bóthair. Is gá cur lena leithéid de chlár agus leanúint leis ar bhonn leanúnach nuair a bheidh na hacmhainní ar fáil chun go mbeidh an dea-staid chéanna ar an gréasan bóithre nach bóithre náisiúnta iad, agus a bhí in 2009.

## Frithbhearta Timpiste Bhóthair

Lean an Chomhairle lena clár ag cóiriú suíomhanna uasmhinicíochta timpiste sa Chontae, clár atá maoinithe ag an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt. Leithdháileadh €180,800 ina iomláine ar an gclár. Cuireadh feabhsúcháin i gcrích ag na suíomhanna seo a leanas:

| **Suíomh** | **Leithdháileachán** |
|---|---|
| Droichead Uí Cheallacháin | €25,000 |

| | |
|---|---|
| Crosaire Sceach na Sí | €75,000 |
| Cosáin an Ghort Álainn | €29,000 |
| Pouldrew | €22,000 |
| Crosaire Roibeaird | €29,800 |

## Scéimeanna Páirtíochta Pobail

Fuarthas leithdháileadh ar leith ón Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt i gcomhair Scéimeanna Páirtíochta Pobail sna trí áit éagsúla seo a leanas:

| **Suíomh** | **Leithdháileadh** |
|---|---|
| An Coilleagán | €14,172 |
| Cnoc an Uisce Oirthear | €51,635 |
| Pouldrew | €22,953 |
| Gleann Dá Lachan | €28,637 |
| Cill Mochuma | €39,647 |
| Baile Uí Fhlaithnín | €45,222 |

## Cúnamh Deontais i gcomhair Damáiste de dheasca Stoirme

Fuarthas maoiniu breise in 2014 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun cúiteamh in aghaidh damáiste de dheasca stoirme, toisc na stoirmeacha i mí Feabhra 2014. Fuarthas leithdháileadh de €3.878m i gcomhair bóithre. Fuarthas €320,000 sa bhreis i gcomhair an ghlantacháin tosaigh a rinneadh tar éis iarmhairt na stoirme.

Fuarthas deontas cúnaimh chomh maith ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2014 i gcomhair deisiúcháin ar infrastruchtúr turasóireachta a ndearnathas dochar dó le linn na stoirmeacha i mí Feabhra 2014. Fuarthas €1,920,049 ina iomláine chun deisiúchán a dhéanamh ar áiteanna éagsúla a raibh damáiste déanta dóibh ar an Trá Mhór, An Baile Nua agus Guilamine, Dún Mór, Bun Abha agus an Pasáiste Thoir.

Fuarthas cúnamh deontais ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun damáiste a rinneadh de dheasca stoirme a dheisiú ag Cé na mBád/Falla Stoirme Dhún Mór Thoir agus Fallamara na Trá Móire. Fuarthas leithdháileadh de €468,000.

Fuarthas cúnamh deontais ó Oifig na nOibreacha Poiblí chun damáiste a rinneadh de dheasca stoirme a dheisiú agus obair chosaint mara ag an gCoinigéir, Dún Garbhán agus Cúltrá na Trá Móire. Fuarthas leithdháileadh de €650,000.

## Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Chomh maith leis an maoiniú stoirme thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú faoin gClár um Fhorbairt an Chuan Iascaireachta agus Infrastruchtúr Cois Cósta chun obair feabhsúcháin a dhéanamh ar Chuan an Phasáiste Thoir agus Cé na Trá Móire. Fuarthas leithdháileadh de €300,000.

### Oifig na nOibreacha Poiblí

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú ar fáil d’obair ar Thrá Bhaile na Coille faoin gClár Um Chosaint Cósta. Fuarthas leithdháileadh de €12,150.

# Rannóg an Iompair Inmharthana

## Tograí Taistil Níos Cliste - Dún Garbhán Abú

Ba í 2014 an tríú bliain as clár chúig bliana a ritheann ó 2012 go dtí 2016 ag maoiniú Taistil Níos Cliste i gCeantar do Dhún Garbhán agus don cheantar maguaird. Faoi chistiú Cheantar an Taistil Níos Cliste tá deontas cúnaimh de €7.2 milliún faighte ag Cathair agus ag Contae Phort Láirge chun cabhrú le cur i gcrích bhearta infrastruchtúir agus iompar pobail a leathnóidh roghanna taistil agus a mheallfaidh iompar inmharthana i gceantar Dhún Garbhán.

## Bearta Infrastruchtúir

I measc na dtograí infrastruchtúir a chuir Dún Garbhán Abú i gcrích in 2014, cuireadh críoch le nasc droichid choisithe agus rothaithe Bhearna Buí, píosa nua curtha leis an raon rothair ag Clais na Lachan, chun sábháilteacht rothaithe ag an timpeallán a mhéadú agus saoráidí athrú éadaí agus páirceáil rothair ag Teach na Cúirte, Dún Garbhán. Tosaíodh ar obair ar thograí, ina measc siúd Scéim Feabhsúcháin Dhroichead Eochaille agus Nasc Rothaíochta an N25 idir timpeallán an Chúlaigh agus siúlbhealach an Athair Uí Thuama. Cuirfidh an dá scéim seo go mór le sábháilteacht úsáideoirí leochaileacha bóthair sna ceantair sin.

Glacadh le Scéim Feabhsúcháin Lár Bhaile Dhún Garbhán ag Páirt VIII den staid in 2014. Tosaíodh ar obair ar dhearadh sonraíoch agus ar ullmhúchán dhoiciméid tairisceana, amuigh sa bhliain.

Cuireadh tús le 'Togra na Rothaíochta Slán' atá ina chomhoibriú idir Comhairle Cahrach agus Contae Phort Láirge agus Grúpa Teileachumarsáide agus Bogearraí Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Déanfaidh an togra forbairt ar Chóras Éirimiúil Comharthaíochta Bóthair a bhfuil de mhianach ann sábháilteacht do rothaithe a fheabhsú ar fud na hÉireann.

## Cláir Um Athrú Iompair

Le linn 2014 rinneadh forbairt ar go leor de na cláir um athrú iompair ar cuireadh tús leo in 2012 agus 2013. Tríd an gclár um athrú iompair tá foireann Go Dungarvan gafa go gníomhach leis an bpobal ag iarraidh daoine a chónaíonn agus a oibríonn i nDún Garbhán agus sa cheantar maguaird a mhealladh chun iompar inmharthana a roghnú nuair is féidir, go háirithe siúl agus rothaíocht.

Oibríonn na cláir i slite éagsúla agus bíonn siad ag dreim ar fhíorchonstaicí nó cinn a shamhlaítear do dhaoine iad a bheith ann maidir le Taisteal Cliste, a bhaint, chomh maith le feasacht a chur chun cinn maidir leis na modhanna malartacha atá indéanta seachas turais charr do dhuine aonair.

Oibríonn an Chomhairle le go leor áisíntínteachtaí éagsúla, Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge, An Taisce agus an NTA san áireamh agus é ag cur clár um athrú iompair chun cinn.

Is iad príomhghnéithe an Chláir Um Athrú Iompair ná;

- Pleanáil Thaisteal Scoileanna is gcomhair le naoi scoil áitiúla
- Pleanáil Thaisteal chun na hOibre
- Pleanáil Thaisteal Réamhscolaíochta i gcomhair le Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge
- Cur chun cinn an Taistil Níos Cliste ag imeachtaí áitiúla agus ag féilte
- 'Tionscnamh Seaimpíní' de chuid 'Go Dungarvan'
- Cur chun cinn tionscnaimh inmharthana taistil mar Seachtain Um Shiúil chun na Scoile, Seachtain Náisiúnta Rothair agus Seachtain Eorpach Um Ghluaiseacht
- Cur chun cinn Taisteal Níos Cliste agus Dún Garbhán Abú trí shuíomh tiomanta gréasáin, na meáin shóisialta agus nuachtlitir in aghaidh na ráithe a seachadaítear ar 6000 teaghlach in STA Dhún Garbhán gach trí mhí.



Oscailt Oifigiúil dhroichead coisithe agus rothaíochta Bhearna Bhuí i mí na Márta 2014.



Rannpháirtithe bailithe le chéile roimh thús an imeacht rothaíochta *Dawn Cycle* le linn Seachtain Náisiúnta na Rothar 2014.

## Glasbhealach Phort Láirge

D'éirigh le Glasbhealach Phort Láirge dul trí chuid 8 den Phróiseas Pleanála agus ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leis in 2014.

Thug sé sin deis dúinn an dearadh sonraíoch a chur ar aghaidh agus oibrithe lonnúcháin a aontú leis na húinéirí talún gar don ghlasbhealach, chun tús le tógáil a éascú go luath in 2015.

## Bainistiú Tráchta

Lean an Chomhairle leis na feabhsúcháin d'infrastruchtúr tráchta laistigh den chathair agus den chontae leis an tréimhse dheireanach de Shlí Ghlas Ché an Deiscirt i bPort Láirge tosnaithe, chomh maith leis an timpeallán ag Sráid Gladstone.

Suiteáladh trasrian coisithe ag an RSC ar Bhóthar Chorcaí i bPort Láirge agus ag Coláiste Pobail Naomh Déagláin i gCoill Mhic Thomáisín. Cuireadh athruithe i bhfeidhm ag Cnoc an tSamhraidh ar an Trá Mhór chun oscailt na scoile nua, Meánscoil Ard na Mara a éascú.

Ina theannta sin cuireadh ceansú tráchta i bhfeidhm trí radii chúinne a laghdú ag acomhail Chnoc Eoin agus Bóthar Bhaile Throcail, acomhail Chnoc Eoin agus Bóthar an Phasáiste agus acomhail Pháirc Mhuire agus Bóthar an Chlaí Bhuí i bPort Láirge, dearaithe de réir Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre Uirbeacha agus sráideanna.

## Cur i bhfeidhm Rialacha Páirceála

Bhí an rannóg a fhaireann i ndiaidh bainistiú páirceála agus cur i bhfeidhm rialacha páirceála an-ghnóthach sa Chomhairle, le ceannach breis agus 1.2 milliún diosca íoc agus taispeáin in 2014. Eisíodh 12,697 fíneáil pháirceála in 2014 do thiománaithe nach bpáirceálann go dleathach, cé go bhfuil siadsan sa mhionlach.

Déanann an rannóg chéanna bainistiú ar phróiseas achomhraic maidir le ticéid pháirceála a éisítear agus fuarthas 1,589 athchomhrac in 2014 agus géilleadh do 1, 187 do na hathchomhraic úd.

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN PHORT LÁIRGE

Freagraíonn Seirbhís Dóiteáin Chathair Phort Láirge do raon leathan d'éigeandálaí (Oibriúcháin) chomh maith le monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar shábháilteacht dóiteáin sa timpeallacht tógála (Sábháilteacht Dóiteáin).

Tá 135 duine san iomlán fostaithe ag an tSeirbhís, a bhfuil Oifigigh, comhraiceoirí tine lánaimseartha agus páirtaimseartha, foireann riaracháin agus meicneoir briogáidi. Oibríonn an tseirbhís as 10 stáisiún dóiteáin faoi stiúir an Phríomhoifigigh Dóite.

## Oibriúcháin

D'fhreastail briogáidí ar 1289 eachtra in 2014. Is iad seo a leanas sceideal na saghasanna eachtraí.

| | |
|---|---|
| **Glaonna ar an mBriogáid Dóiteáin** | **803** |
| **Seirbhísí Speisialta** | **420** |
| **Bréagrabhaidh** | **42** |
| **Glaonna Bréige** | **20** |
| **Ag cabhrú le hotharcharr** | **4** |
| **IOMLÁN** | **1289** |

Tá raon leathan imeachtaí i gceist le seirbhísí speisialta ach san áireamh iontu tá timpistí bóthair, guaiseacha bóthair, teagmhais cheimiceach, tuiliú, tarrtháil abhann, aisghabháil coirp ó abhainn agus seirbhís chumhdach tine a sholáthar do thuirlingt héileacaptar Gharda an Chósta sa Chathair.

## Sábháilteacht Tine

Rinneadh 225 iniúchadh ar fhoirgnimh atá ann cheana in 2014 agus tugadh comhairle d'úinéirí foirgneamh a raibh gá uasghrádú a dhéanamh ar a réamhchúraimí in aghaidh dóiteáin.

Glacadh agus rinneadh próiseáil ar 60 Iarratas ar Theastas Sábháilteacht Tine in 2014. Tá an próiseas iomlán iarratais á dhéanamh anois ag Seirbhísí Éigeandála agus soláthraítear próiseas níos éifeachtaí d'iarrthóirí agus dá gcuid gníomhairí.

Tá seachadadh á dhéanamh ar fheidhmeanna nua leis na Rialúcháin Um Smachtú Foirgeamh a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Márta 2014 laistigh de na Seirbhísí Éigeandála. San áireamh leosan tá próiseáil 239 Fógra Um Thosach Feidhme, 5 Deimhniú Comhlánaithe agus 55 Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tugadh comhairle don Údarás Pleanála ar 424 iarratas pleanála a cuireadh faoi bhráid an Údarás Dóiteáin agus an Údarás Rialaithe Tógála.

Cuireadh 183 iarratas ar cheadúnas i gcomhair tithe tábhairne, hallaí rince/clubanna oíche, áitribh cluichíochta agus crannchuir agus bialanna faoi bhráid an Údaráis Dóiteáin agus chomhairligh na Cúirteanna dá réir.

Ina theannta sin rinne an tÚdarás Dóiteáin iniúchadh ar áitribh a bhí chun ceadúnas a fháil mar stáisiúin peitril agus thug comhairle don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannanais agus Athchóirithe Dlí ar thinte ealaíne agus chabhraigh i dtaobh imeachtaí allamuigh.

## Imeachtaí Allamuigh

Thug Seirbhís Dóiteáin Phort Láirge cúnamh do choistí eagrúcháin na bhféilte seo a leanas-Winterval, SPRAOI, Lá Fhéile Pádraig, Féile Cheoil an Leasa Mhóir, Seómharcaíocht Idirnáisiúnta Campire, Féile Lúnasa, Féile Bia Phort Láirge agus Dún Garbhán Ag Breo.

## Sábháilteacht Tine an Phobail

Chuir Criú na mBriogáídí agus Oifigigh Shinsearacha méid áirithe tionscnamh um shábháilteacht tine i láthair an phobail le linn na bliana chun an chontúirt a bhaineann le dóiteán, bearta um chosc tine agus nósanna imeachta i gcás tine a aibhsiú. Bhí Tionscadal Rang 3 Bunscoile, Seachtain Um Shábhailteacht Tine, Cúrsaí Réamhthionóntachta na Comhairle, cainteanna grúpaí pobail, feachtais fógraíochta agus traenáil bainistíochta um shábháilteacht tine d'eagraíochtaí deonacha.

## Imeachtaí Eile

Mí na Samhna seo caite cuireadh seisiún feasachta ar oibriúcháin na seirbhíse dóiteáin i gcás timpistí bóthair agus na guaiseacha do dhaoine eile a bhíonn ag freastal ar na timpistí úd, i láthair dochtúirí a bhí ag freastal ar Chlár Oiliúna na nDochtúirí Teaghlaigh de chuid an FSS.

## Stáisiúin Dóiteáin Nua

Leanadh le hobair tógála ag Stáisiún Dóiteáin Phort Lách agus ag Ceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ag Bóthar Chill Bharra, Port Láirge le linn 2014.

# Acmhainní Daonna

## Comhaontú na Seirbhíse Poiblí

De dheasca an mhoratóra ar earcaíocht, scor agus conarthaí sealadacha gan a bheith á athnuachan, tá laghdú mór tagtha ar líon na foirne san eagraíocht le blianta beaga anuas. Faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 (a bhfuil cur amach air mar Chomhaotú Bhóthar Haddington) tá Bearta Leasúcháin inmharthana á gcur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas:

- Ath-imlonnú
- Bainistiú Feidhmíochta
- Socruithe oibre solúbtha
- Socruithe Postroinnte
- Athstruchtúrú Lucht Oibre.

Tá gá le bearta breise chun tacaíocht a chur faoi sheachadadh sheirbhís phoiblí atá níos comhtháite, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus tá Comhairle Phort Láirge ag cur an Chomhaontú i bhfeidhm dá réir.

## Lánchosc ar Earcaíocht na Seirbhíse Poiblí

Le linn na bliana, lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Lánchoisc ar Earcaíocht na Seirbhíse Poiblí, chun cloí leis an bpolasaí náisiúnta, le plean dár bhfórsa saothair agus chun a bheith inniúil feidhmiú laistigh de bhuiséid na Comhairle do 2014. Níor fostaíodh aon duine mar chomharba ar dheichniúr oibrithe a chuaigh ar scor (iadsan a ghlac leis an Scéim Iomarcaíochta Deonaí san áireamh) agus daréag a ghlac le saoire speisialta ón obair. Aithnítear go dtéann na lancaistí seo i bhfeidhm ar an bhfoireann a bhíonn ann i gcónaí agus a bhíonn ag comhoibriú agus ag tacú le comhghleacaithe agus le lucht bainistíochta i seachadadh éifeachtúil seirbhísí don phobal agus cúinsí deacair sna laethanta seo. Is é an dúshlan is mó atá romhainn ná leanúint le seachadadh na seirbhíse sin go héifeachtach in ainneoin lion na n-oibrithe ag laghdú go leanúnach.

## Cónascadh

Chothaigh cónascadh iar Chomhairle Contae Phort Láirge agus Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Baile Dhún Garbhán an dúshlán ba mhó d'acmhainní daonna in 2014. Is é a bhí i gceist leis an gcónascadh ná athstruchturú ar na rannóga uile sa chomhairle agus bhí gá agallamh a chur ar 180 duine go hinmheánach, 140 ball foirne a aistriú idir rannóga agus athlonnú na foirne ar fad, nach mór, laistigh de na foirgnimh a bhí ann cheana, chun cóiríocht a sholáthar do na rannóga nua athstrúchtúrtha go héifeachtúil. Tharla an t-athrú ollmhór seo gan aon laghdú idirdhealaithe ar leibhéal na seirbhísí do chustaiméirí agus is mór an chreidiúint don fhoireann a leithéid a bheith le maíomh ag an gComhairle.

## Bearta Gníomhachtúcháin Fostaíochta

D'oibrigh an Rannóg Acmhainní Daonna go dlúth le FÁS ar líon áirithe de scéimeanna curtha i bhfeidhm go céimneach mar chuid de thionscnamh poist an Rialtais. In 2014 d'éascaigh an Chomhairle 13 socrúchán oibre nua faoin gclár JobBridge, rud a chiallaigh go raibh 70 duine ar an iomlán rannpháirteach. Le linn socrúcháin a mhair 9 mí, faofa ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ghnóthaigh rannpháirtithe taithí réadúil, suntasach san ionad oibre rud a chuirfidh go mór lena n-acmhainneacht fostaíochta.

Le linn 2014 fuair Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 80 socrúchán faoin scéim táirsigh National Gateway (Scéim Gníomhachtúcháin Saothair). Is í aidhm na Scéime seo ná iadsan atá ar Sochar Dífhostaíochta go fadtréimhseach a oiliúint agus cur lena scileanna trí thaithí oibre thar thréimhse 22 mí.

## Acmhainní Daonna CORE

Le linn 2014 leanadh le feidhmiú céimneach Acmhainní Daonna CORE. Tá Am & Freastal, Féinseirbhís Fostaithe, Pinsean & Earcaíocht agus Modúil Traenála san áireamh ar an gcóras comhtháite Acmhainní Daonna/Párolla úd. Beidh modúil PMDS & Sláinte agus Sábhailteacht san áireamh I dTréimhse 2 den tionscadal. Cuirfear na modúil sin i bhfeidhm le linn 2014. Tá an córas tar éis cur go mór le caighdeán bhainistíocht faisnéise agus le pleanáil an fhórsa saothair, bainistíocht tinrimh agus próisis buiséid.

## Oiliúint & Forbairt

In ainneoin na dtiachóg laghdaithe bhí béim leanúnach ar chlár oiliúna d'ardchaighdeán in 2014. Tugtar tús áite i gcónaí do Shláinte agus Shábháilteacht; cuireann sé ar ár gcumas na riachtanais reachtúla a chomhlionadh agus soláthar a dhéanamh do shábháilteacht agus leas na foirne uile.

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Baintear úsáid i gcónaí as Comhpháirtíocht san Ionad Oibre mar uirlis chun comhchomhairle agus eolas a roinnt idir bainistíocht, foireann agus Ceardchumainn.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le ceardchumainn agus ionadaithe fostaithe chun caidrimh oibre comhchuí agus coinníollacha oibre feabhsaithe a bhaint amach le cleachtas oibre atá éifeachtach agus éifeachtúil.

## Leas Fostaithe

Tacaíonn Comhairle Contae go mór le polasaithe a thacaíonn le teaghlaigh agus cuireann sí i bhfeidhm iad. Ina measc cleachtaítear Poist-roinnt, Saoire Thuismitheoireachta agus Saoire Scoilbhliana. Thóg an Chomhairle seirbhísí seachtracha isteach chun clár cúnaimh d'fhostaithe a sholáthar in 2014 agus cuirfear leis sin chun seirbhís chuimsitheach a thógáil in 2015.

## Aoisliúntas

Baineann Aoisliúntas le cearta fostaithe a bheith i dteideal pinsin.  Riarann an Rannóg Acmhainní Daonna Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus an Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí agus an Scéim Pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaí atá comhlachtaithe leis, d'fhostaithe ar gach aon ghrád.

# Forbairt Gheilleagrach



# Forbairt Gheilleagrach

Imríonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge páirt lárnach i gcinnireacht láidir a sholáthar do cheantar Phort Láirge. Is í i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla, leanann an Chomhairle uirthi ag tacú le cur chuige comhordaithe chun forbairt gheilleagrach a chur chun cinn i bPort Láirge. Cuireann an Rannóg um Fhorbairt Gheilleagrach sa Chomhairle forbairt eacnamaíoch chun cinn, go díreach agus go hindíreach agus feidhmíonn sí mar áisitheoir, comhordaitheoir agus cumasóir a chuireann bearta um fhorbairt eacnamaíoch chun cinn. Ina theannta sin cuireann sí cruthú post chun cinn tríd an obair a dhéanann sí i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla, comhlachais tráchtála IDA agus Fiontraíocht Éireann.

Tá na seirbhísí seo a leanas san áireamh sna seirbhísí a sholáthraíonn an rannóg um fhorbairt gheilleagrach:
An chéad áit ar a dtugtar cuairt i gcomhair fiontraíochta leis an Oifig Fiontair Áitiúil ag tacú le gnólachtaí beaga, forbairt agus cur chun cinn na Turasóireachta:
Ag comhordú féilte geilleagracha agus imeachtaí agus seimineáir ghnó;
Ag tacú le forbairt na fiontraíochta dúchasaí trí leathnú agus forbairt na nIonad Fiontraíochta Pobail, idirchaidreamh le Fiontraíocht Éireann agus gníomhairí eile;
Ag éascú infheistíochta trí fheidhmiú mar an Aonad Um Thacaíocht le Gnó, ag cur comhairle ar fáil do ghnólachtaí agus infheisteoirí maidir le seirbhísí uile na Comhairle, pleanáil, an comhshaol, bóithre, uisce agus araile.
Pleanáil gheilleagrach i gcomhair pobal áitiúil;
Bainistiú lár an bhaile; agus cur i bhfeidhm Straitéis Bhia Phort Láirge.

## Forbairt Gheilleagrach agus Coiste Fiontraíochta Um Beartais Straitéiseacha

Phléigh an Coiste Fiontraíochta Um Beartais Straitéiseacha le cur i láthair agus le plé ar raon leathan de cheisteanna, ina measc:

- Clár Gníomhachtaithe Pobail Um Chuimsiú Sóiisialta (SICAP)
- An Clár Náisiúnta Um Fhorbairt Tuaithe (RDP)
- Fordhearcadh ar an dréacht den chreatlach socheacnamaíoch a fhoirmeoidh forbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP).
- Oifig Fiontair Áitiúil (OFA)

## Coiste Um Fhorbairt Phobail Áitiúil

Thug an tAcht Um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 éifeacht reachtaíochta do bhunú Choiste Um Fhorbairt Phobail Áitiúil, mar fhochoiste don Chomhairle Cathrach agus Contae agus ullmhúchán Phlean Geilleagrach & Pobail Áitiúil ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Tá ballraíocht ar Choiste Phort Láirge m Fhorbairt Phobail Áitiúil (LCDC) ag Rialtas Áitiúil, Gníomhaireachtaí Stáit, Forbairt Áitiúil agus Pobail, Leasa Sóisialta, Geilleagrach & Pobail. Tá 17 ball ar an gcoiste agus dhaingnigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge é i mí Iúil 2014.

## Bainistiú Lár na Cathrach

Chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil chun cabhrú leis an tionscnamh *Bloom* sa Chathair. Leagadh cúram ar bhall foirne sa Rannóg Um Fhorbairt Gheilleagrach feidhmiú mar Oifigeach Idirchaidrimh Lár na Cathrach. Fuarthas maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil i gcomhair scéim péinteála ar Shráid Nua Bailey agus ar Shráid Mhíchíl le 25% den chomh-mhaoiniú tugtha ag an gComhairle Cathrach agus Contae.

Rinneadh iarratas ar chreidiúnú an Bhrait Chorcra a fháil don Chathair agus rinneadh meastóireacht i mí na Nollag. Baineann creidiúnú an Bhrait Chorcra le saoráidí oíche atá glan, sábháilte, steallbheathaidh agus fáilteach agus díríonn sé ar an gcaighdeán a ardú agus mealltacht saoráidí oíche a mhéadú.

## Turasóireacht

In 2014, d'oibrigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leis an iliomad comhpháirtithe, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann Teoranta san áireamh ag cur chun cinn agus ag déanamh margaíochta ar Phort Láirge agus á díol. Tugadh faoi mhisean margaíochta sna Stáit Aontaithe agus sa Ghearmáin i gcomhpháirtíocht le Cónaidhm Óstáin na hÉireann, Fáilte Éireann, Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Contae Phort Láirge. Craoladh feachtas náisiúnta raidió ag cur Port Láirge chun cinn i mí Iúil /Lúnasa chomh maith le promóisin na meán sóisialta ar Facebook. Cuireadh Port Láirge chun cinn ag imeachtaí éagsúla tomhaltóirí, Seó do Dhaoine os cionn 50 bliain d'aois i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh chomh maith le Holiday World i mBaile Átha Cliath.

Le linn na bliana, lean an Chomhairle ag cur chun cinn féilte agus imeachtaí dírithe ar chaipitliú ar uathúlacht Phort Láirge agus sárthaispeántas a dhéanamh dá sócmhainní. Chuir an méadú ar chuairteoirí/rannpháirtithe ag imeachtaí seanbhunaithe cosúil le Spraoi, Féile Bia Phort Láirge, Lúnasa agus Turas Rothaíochta Seán Kelly isteach is amach le €3.4 milliún leis an ngeilleagar áitiúil. Thug na tionscnaimh sin agus imeachtaí eile nach iad, cosúil le Féile an Chumaraigh Fhiáin agus Féile Ealaíon Imagine treisiú suntasach do gheilleagar Phort Láirge.

Ina theannta sin, cuireadh líon áirithe tograí/tionscnamh chun cinn:

Clár oibre ag léiriú na contae mar cheantar siúil.

Tá an Oifig Eolais do Thurasóirí i nDún Garbhán athlonnaithe in áitreabh nua ar an bPríomhshráid Íochtarach. Tháinig an fhorbairt nua seo chun cinn mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Comhlachas Tráchtála Dhún Garbhán, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Seirbhísí Pobail CMT, LTM agus Supervalu Uí Ghairbhí.

D'athlonnaigh an Oifig Eolais do Thurasóirí i gCathair Phort Láirge chuig áitreabh nua ar an gCé i dTriantán na Lochlannach. Tharla an fhorbairt seo mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus Fáilte Éireann.

Cuireadh i gcló agus scaipeadh go forleathan bróisiúir ag cur Cathair Phort Láirge, Dún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge chun cinn.

Riar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Ciste Diaspóra Phort Láirge do Thurasóireacht Phobail. Bhí an-rath air seo agus tharla 22 imeacht ar fud na contae.

Rinneadh dul chun cinn le Tionscnamh an Ghlasbhealaigh idir Dún Garbhán agus Cathair Phort Láirge in 2014. Béarfaidh sé seo leis tairbhe eacnamaíoch agus pobail don chontae agus é forbartha ina iomláine.

Rinneadh obair fearainn phoiblí ar cheantar Thriantán na Lochlannach, suiteáil leac chuimhneacháin Sheáin Condúin agus dealbhóireacht Aoife agus Strongbow. Cuireadh long fhada na Lochlannach ar taispeántas buan lasmuigh de Thúr Reginald.

Tharla Rianfhéile Gairdíní Phort Láirge idir mí Bealtaine agus Lúnasa 2014 ag léiriú tithe agus gairdíní iontacha Phort Láirge.

Tosaíodh ar obair ag forbairt Branda Cinn Scríbe Phort Láirge nua chomh maith le suíomh gréasáin do na Comhairlí cónasctha Cathrach agus Contae.

Cuireadh traenáil cinn scríbe ar fhoireann fáilteachais agus beair sa chathair. D'eagraigh Destination Waterford an traenáil agus chuir Fáilte Éireann i gcrích í.

## Trá Mhór

I gcomhair le Turasóireacht na Trá Móire agus le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Leader Phort Láirge Teo, chríochnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge obair ar Pháirc Chuimsithe Spraoi Eachtraíochta agus Bac-chúrsa laistigh de Pháirc an Bhaile ag an bPromanáid, Trá Mhór, Co Phort Láirge.

Cuirfidh an Pháirc Chuimsithe Spraoi Eachtraíochta agus Bac-chúrsa seo ar chumas leanaí atá faoi mhíchumas idirghníomhú le leanaí inniúla, rud a imreoidh dea-thionchar ar aonrú sóisialta a laghdú agus a chuideoidh le leithcheal a chosc.

Casadh an fód ag searmanas oifigiúil ar an 27 Meitheamh 2014, searmanas a chuir tús le hobair chun tailte Theach na Trá Móire a aistriú isteach ina ghairdín cuimhneacháin in ómós Patrick Lafcadio Hearn, fear liteartha ón tSeapáin a chaith an Samhradh ar an Trá Mhór le linn a óige. Bhí Ambasadóir na Seapáine i láthair mar aoi oinigh.

Tá an obair á cur i gcrích ag Scéim Fostaíochta Pobail le tacaíocht ó Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge agus Iontaobhas Forbartha na Trá Móire.

Thosaigh obair ar an Lárionad Náisiúnta Um Thraenáil Ghardaí Tarrthala ar an bPromanáid Íochtarach ar an Trá Mhór, an chéad cheann dá mhacasamhail in Éirinn. Rinneadh forbairt ar an lárionad sin trí chomhpháirtíocht uathúil idir Club Tarrthála Mharcaíocht Toinne na Trá Móire, Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Leader Phort Láirge Teo. Beidh dearadh ag léiriú téama na farraige ar an bhfoirgneamh trí scór seo, atá suite díreach os comhair na mara.

## Dún Garbhán

Aontaíodh pacáiste spreagthaigh do Dhún Garbhán idir an Chomhairle agus Comhlachas Tráchtála Dhún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge agus dá bharr sin cuireadh na heochairthionscadail seo a leanas i gcrích:
Scéim Péinteála Dhún Garbhán: Cuireadh maoiniú ar fáil i gcomhair gnólachtaí i gCearnóg Grattan, Sráid Mhuire, An Phríomhshráid Íochtarach agus Sráid Uí Chonaill. Fuarthas 52 iarratas ar an Scéim Péinteála.
Clár Meantóireachta Um Mhiondíol Dhún Garbhán: Sheachaid Feabhas Miondíola Éireann an clár agus thug Comhairle Cathrach agus Contae Dhún Garbhán agus agus Comhlachas Tráchtála Dhún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge tacaíocht dó.
Dún Garbhán ag Breo: D'oibrigh an Chomhairle le páirtithe leasmhara ilghnéitheacha ar fhorleathnú agus ar fheabhas a chur ar thaithí na Nollag i nDún Garbhán.

# Port Láirge 1100

Ba thionscamh de chuid Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge é Port Láirge 1100 inar céiliúradh bunadh na cathrach in 914 AD. Cuireadh cuid mhaith imeachtaí poiblí iomráiteacha ar siúl le linn na bliana, chomh maith le tionscnaimh níos lú a bhí dírithe ar phobal/rannpháirtíocht scoileanna.

## Céiliúradh Mór Lá Breithe

Ar an 31 Nollaig 2013 osclaíodh doirse Halla na Cathrach do 600 duine i gcomhair ócáide Oíche Chaille ar tugadh an 'Big Birthday Bash' air. D'fhear Méara Phort Láirge an Comhairleoir J Cummins fáilte roimh 2014 agus dúirt go raibh sé ag súil go mór leis an mbliain amach roimhe.



## Vadrarfjordr!

Ar an 4 Eanáir chuir Port Láirge 1100 ócáid allamuigh ar siúl, Vadrarfjordr, (an t-ainm Lochlannach ar Phort Láirge) ar chéanna Phort Láirge, ag a dódh trí Long Lochlannacha go siombalach agus bhí taispeántas tinte ealaíne ina dhiaidh sin. D'fhreastail os cionn 12,000 duine ar an ócáid agus ba é an comhlacht áitiúil Spraoi a chuir an ócaid chun stáitse le cabhair ó ghrúpaí d'aisteoirí Lochlannacha athachtaithe.

## Rang 2014

Ghlac foireann de ghrianghrafadóirí áitiúla grianghraf de bhreis agus 7000 páiste bunscoile i gCathair Phort Láirge. Chuir ionadaithe ó gach ceann de na bunscoileannna grianghrafanna i dTaisceadán Todhchaí ag searmanas in Iarsmalann na Meánaoise. Chuir ionadaithe ó na nuachtáin, nuachtáin an lae, leabhair faoi Phort Láirge agus píosa de Chriostal Phort Láirge sa Taisceadán Todhchaí. Ansin chuir Méara Phort Láirge, an Comhairleoir J Cummins séala ar an taisceadán todhchaí. Cuireadh ansin é faoi uaimh na hIarsmalainne Meánaoisí agus osclófar é sa bhliain 2064.

## Féile WIKID

Chuir Waterford 2011 WIKID ar siúl-féile staire dírithe ar theaghlaigh agus ar leanaí. Cuireadh in airde sráidbhaile iomlán lánscála ar thaillte Theach na Cúirte, chomh maith le siamsaíocht sráide ar fud sráideanna Phort Láirge.

## Comórtas Um Chóiriú Fuinneoige

Ghlac 40 gnólacht sa Chathair páirt sa chomórtas um Chóiriú Fuinneoige de chuid Port Láirge 1100, le tacaíocht ó Chomhlachas Tráchtála Phort Láirge agus Grúpa Gnó Phort Láirge, a thug spreagadh do ghnólachtaí chun cóiriú fuinneoige a chruthú 'chun Port Láirge a chéiliúradh'. Ba é Muse buaiteoir an chomórtais iomláin.

## Port Láirge 1100 ag Caint

Cuireadh sraith de chainteanna míosúla ar siúl le raon leathan de chainteoirí iomráiteacha, Robert Fisk, HE Daniel Mulhall, An Breitheamh Catherine McGuinness, Mary O'Rourke, An Dr. Patrick Wallace, Alfie Hale, An Príomh-Bhreitheamh Denham, An tOllamh Roy Foster agus Damien Tiernan.

## Ag Tógáil mo Bháid Féin

Lonnaigh foireann saor báid ó Iarsmalann Sunnhordland san Iorua san Iarsmalann Mheánaoiseach ar feadh seachtaine agus thug ceardlanna ar shaoirseacht Long Lochlannach leathscála do pháistí áitiúla Rang 5 agus Rang 6. Thug Ambasáid na hIorua tacaíocht don togra úd.

## Blaiseadh den Chultúr

Chuir Iarsmalann Chistí Phort Láirge caint ar siúl gach aon Chéadaoin san Iarsmalann Mheánaoiseach a d'aibhsigh mórthaisce amháin de chuid Phort Láirge go seachtainiúil. Bhí na cainteanna sin saor in aisce.

## Ceoldráma Éireannach nua - *The Invader*

Thug Waterford 1100 tacaíocht do léiriú mhórcheoldráma nua 'The Invader'a chruthaigh an cumadóir Eric Sweeney gurb as Port Láirge dó agus an file Mark Roper agus ar tugadh an chéad taibhiú domhanda dó ag an Amharclann Ríoga i mí na Bealtaine 2014.

## Ealaín i gcomhair Phort Láirge

Ba thosaíocht do Phort Láirge 1100 í go soláthrófaí leagáid chultúrtha ó 2014 i gcomhair na nglún a thiocfaidh inár ndiaidh. In 1736, choimisiúnaigh Bardas Phort Láirge, mar a tugadh air ag an am sin, pictiúr den chathair ó ealaíontóir Ollanach William Van der Hagen ar £20. Tuigtear go bhfuil tábhacht náisiúnta ag roinnt leis an bpíosa ealaíne seo agus é fós crochta i gCaisleán an Easpaig.

Chuir Port Láirge 2011 tús leis an bpróiseas, pictiúr nua a choimisiúnú le dul i dteannta ceann Van der Hagen a bheidh crochta in áit fheiceálach phoiblí i gCathair Phort Láirge chun go mbainfidh na glúine taitneamh as sna blianta atá amach romhainn.

Maoineofar an ealaín seo trí Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a bhaineann leis an Scéim Um Fhaoiseamh ó Dhochar de dheasca Tuilte. Déanfar í a riaradh agus a bhainistiú ag Rannóg na nEalaíon ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Beidh an pictiúr mar chuid de sheilbh an Bhailiúcháin Náisiúnta ach beidh sé ar taispeántas buan i gCathair Phort Láirge.

# Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge (OFÁ)

Seoladh Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge (OFÁ) i mí Aibreáin 2014 tar éis scaoileadh na mBord Fiontair i gCathair agus i gContae Phort Láirge mar chuid de *Phlean Gnímh an Rialtais do Phostanna*. Tá OFÁ Phort Láirge bunaithe ar bhonn Comhaontaithe Seirbhíse idir Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Tugann an Comhaontú Seirbhíse seo ceannaireacht, cumarsáid, forbairt agus rólanna seachadta seirbhísí tábhachtacha d'OFÁ Phort Láirge sna réimsí feidhmeacha seo a leanas:

- Fáisnéis Gnó agus Seirbhísí Comhairliúcháin,
- Seirbhísí tacaíochta Fiontair,
- Seirbhísí forbartha fiontair áitiúil,
- Seirbhísí tacaíochta Fiontraíochta

## Feidhmíocht 2014




| | | |
|---|---|---|
| <u>Luach na Deontais formheasta:</u> | Indéantacht/Nuáil: | €35,950 |
| | Príomeáil: | €442,695 |
| | Forbairt Gnó: | €136,000 |

<u>Traenáil:</u> Tugadh 89 cúrsa traenála le 140 rannpháirtí páirteach

<u>Meantóireacht:</u> Meantóireacht curtha ar fáil do 132 cliaint le seirbhísí a bhfuil 311 rannpháirtí bainteach.

<u>Fiontar Dalta:</u> Ghlac 619 dalta scoile páirt i gcláir fiontair i scoileanna.

# Coiste Phort Láirge Um Fhorbairt Pobail Áitiúil

Aontaíodh comhaltas agus struchtúr Coiste Phort Láirge Um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC) ag cruinniú Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar an 10 Iúil.

Tionóladh dhá chruinniú de Choiste Phort Láirge Um Fhorbairt Pobail Áitiúil in 2014 ar an 8 Lúnasa agus an 16 Deireadh Fómhair.

Thosaigh an Coiste próiseas na tairisceana don Chlár Gníomhachtaithe Pobail Um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) a chuirfear i gcrích go luath in 2015.

Moladh go mbeadh an Grúpa Áitiúil Gníomhachta, (LAG) ag feidhmiú mar an gCoiste Um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC) agus gurb iad a chuirfidh iarratas ar mhaoiniú chun cinn faoi bhrat an Chláir Náisiúnta Um Fhorbairt Tuaithe 2015-2016. D'aontaigh an Coiste Um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC) go n-ullmhódh Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge Teo (WLP) Léiriú Spéise i gcomhair le agus thar cheann an Choiste Um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC) agus gurb í Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge Teo (WLP) a chuirfidh an Clár Náisiúnta Um Fhorbairt Tuaithe i bhfeidhm thar cheann an Choiste Um Fhorbairt Pobail Áitiúil. (LCDC).

Tosaíodh ar obair ar Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Phort Láirge i gcomhair tréimhse sé bliana 2015-2020. Aontaíodh ar an dréacht don Chreatlach Shocheacnamaíoch a éascóidh an comhairliúchán poiblí.

# TFC, Airgeadais & Bainistíocht Chostála



# Seirbhísí Airgeadais

Ár gcórais airgeadais a fhorbairt chun gur féidir bainistiú achmhainní éifeachtúil a chur chun cinn; uasmhéadú ar ioncam agus cinntiú ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe agus na gcuspóirí ar an iomlán san áireamh.

**Achoimre Airgeadais do 2014**

| **Achoimre ar an gCúntas Ioncaim Reatha:** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€milliúin** | **€milliúin** |
| Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir | -8.9 | -8.5 |
| **Caiteachas na Bliana** | 120.3 | 126.3 |
| Aistrithe go dtí Cúlchiste | 7.7 | 3.8 |
| | 128.0 | 130.1 |
| **Ioncam na Bliana** | | |
| Deontais Stáit | 51.2 | 55.7 |
| Earraí agus Seirbhísí | 43.7 | 41.8 |
| Rátaí Tráchtála | 33.3 | 32.2 |
| | 128.2 | 129.7 |
| Barrachas /(Easnamh) don Bhliain | 0.2 | -0.4 |
| Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig | -8.7 | -8.9 |
| **Achoimre ar Chláir Chomhordaithe** | | |
| Sócmhainní Sheasta | 2,131.0 | 2,441.8 |
| Obair idir Lámha | 20.9 | 37.5 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 79.4 | 77.4 |
| Sócmhainní Reatha | 62.1 | 42.2 |
| Dliteanais Reatha | -65.1 | -60.4 |
| | 2,228.3 | 2,538.5 |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | 131.9 | 137.7 |
| **Glansócmhainní/ (Dliteanais)** | **2,096.4** | **2,400.8** |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| Cúntas Caipitlithe | 2,131.0 | 2,441.8 |
| Obair idir Lámha | 20.0 | 36.7 |
| Cúlchiste Sainiúil Ioncaim | 0.5 | 1.1 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | - 8.7 | -8.9 |
| Iarmhéideanna Eile | - 46.4 | -69.9 |
| **Cúlchistí Iomlána** | **2,096.4** | **2,400.8** |

## Córais Teicneolaíochta Faisnéise

Ba léir le linn luath-laethanta pleanála an chónasctha go dtacaíonn cúlfhreastalaithe ITC agus infrastruchtúr líonra agus teileafónaíochta le han-chuid dár seirbhisí: seirbhísí airgeadais; pleanála; tithíochta; leabharlainne; mapála srl.

Rinneadh macasamhail d'fhormhór na gcóras mórchúiseach sa chathair agus sa chontae agus ba riachtanach don chomhairle nua i ngach cás iad seo a chomhcheangal mar chuid d'aon chóras amháin don chéad lá den chomhairle nua ar an 25 Meitheamh. Mar a tharlaíonn críochnaíodh an chéad chéim de chomhcheangal na gcóras airgeadais 6 mhí roimh ré, rud a chiallaigh go raibh sé ag rith le tosach na bliana airgeadais ar an 1 Eanáir 2014.

Bhí ionadaí Teicneolaíochta Faisnéise (TF) mar chuid de na foirne tograí a bunaíodh do chónascadh na bpríomhsheirbhísí, agus úsáideadh sainchomhairleoirí seachtracha san áit ina raibh eolas speisialta córais de dhíth.

Chruthaigh athstruchtúrú de ranna oibre agus foirne feidhmiúla sa chathair agus sa chontae méid mór oibre do TF i dtaca le hathchumrú agus athlonnú trealamh TF agus teileafónaíochta.

Dúshlán mór a bhí san obair cónasctha dár bhfoireann TF ach críochnaíodh an obair go rathúil agus in am gan aon éifeacht iomráiteach ar fhoráil agus ar thacaíocht sna seirbhísí TF. Tá sé de phlean againn go mbeadh comhcheangal na gcóras TF críochnaithe ina iomláine i 2015.

Déanfaidh na hailt seo a leanas cur síos níos sonraí ar ár n-éachtaí ó 2014;

### Líonra Pobail Áitiúil

Feidhmímid líonra pobail áitiúil fairsing i gCathair agus i gContae Phort Láirge a chuimsíonn ceangal Idirlín gan sreang, sreang snáithíneach, leathanbhanda, líne ar léas, líne phríobháideach fhíorúil agus líne dhigiteach rannpháirtí. Tugann ár roinn riaracháin líonra comhairle agus tacaíocht do 700+ úsáideoir lonnaithe i gcaoga áit timpeall na cathrach agus an chontae, idir Stáisiúin Dóiteáin, Iostaí Comhairle, leabharlanna, Ionaid Oidhreachta, Ionaid Spóirt agus cúrsaí Gailf gan ach mionlach luaite ansan.

Bhí formhór na hoibre a rinne an fhoireann ag baint le: comhcheangal na gcóras líonra; córais teileafónaíochta, seirbhisí priontála bainistithe; leathnú ar WIFI; Pleanáil do thógáil Stáisiún nua Dóiteáin agus Leabharlann.

Bhí cuairteanna go dtí gach úsáideoir agus obair ag cúl an chórais i gceist le pleanáil agus comhcheangal na gcóras líonra ar nós eolaire gníomhach, ríomhphost agus frithvíreas. Mar thoradh air seo tá Comhairle

Cathrach agus Contae Phort Láirge ag obair ó aon chóras amháin, leis an aon chuntas amháin chun teacht ar gach seirbhís anois.

Cuireadh seirbhís priontála bainistithe i bhfeidhm i ngach suíomh i 2014. Is é feidhm an togra ná córas lárnaithe a bheith ann a chruthaíonn ísliú ar chostais na heagraíochta.

Tosnaíodh ar phleanáil do Stáisiúin Dóiteáin nua sa Bhaile Beag agus ar Leabharlann nua ag Carraig Phiarais i gCathair Phort Láirge. Táimid páirteach ó chéim na pleanála le cinntiú go gcloíonn an infrastruchtúir cumarsáide agus líonra le caighdeáin an tionscail. Críochnófar na tograí i 2015 agus beidh an fhoireann páirteach sa tslí chéanna.

## Infrastruchtúr

Bhí feabhas agus forbairt leanúnach ar chumarsáid inmheánach fós mar thosaíocht don roinn ICT in 2015. Bhreisigh uasghrádú de threalamh luas an líonra agus d'fheabhsaigh sé sin an chumarsáid idir Oifigí agus Leabharlanna satailíte leis na hoifigí lárnacha.

## Mapáil

Ba dhúshlán mór a bhí sa chónascadh don fhoireann Chórais Faisnéise Tíreolaíocha, ní amháin toisc go raibh orthu na córais a chomhcheangal ach go raibh orthu na sonraí faisnéise spáis a bheadh le feiscint ann a chomhcheangal chomh maith. Chiallaigh sé seo go raibh orainn obair le gach roinn chun na sonraí mapa bunaithe go léir, a úsáideann siad chun a gcuid oibre a dhéanamh, a aithint agus oibriú amach conas go bhfaighfí é seo a chur le chéile. Sa deireadh rinneadh iniúchadh, glanadh, uasdátú agus comhcheangal ar bhreis is 200 tacar sonraí.

Mar chuid den chónascadh cuireadh creatlach Chórais Faisnéise Tíreolaíocha nua i bhfeidhm chun a chinntiú gurbh fhéidir le gach ball foirne teacht a bheith aige ar fhoinse dheifnídeach mapála agus é a eagrú. Mar chuid den chur i bhfeidhm seo seoladh aip do bhrabhsálaí idirlín a bhí fuirist le húsáid darb ainm WatMaps. Bailíonn an aip na seiteanna faisnéise spáis ar fad, a bhíonn ag teastáil ó fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun a gcuid gnóthaí a dhéanamh, le chéile.

### City and County



Explore the definitive set of administration boundaries along with the latest OSi Mapping and Aerial Photography. Zoom in to view all the properties and businesses in Waterford, open Google Street View and see the Councils Road Schedule. AutoCAD users can also turn on OSi Map Grids to assist them in identifying Map Sheets. View map

### Planning



Access to all the essential data required for making a Planning Decsion. Data available includes Development Plans, Local Area Plans, Planning Applications, Conservation Areas, Protected Structures and Habitat information. View map

### Planning - Reports



Map for undertaking detailed planning searches (legal/historic), using the new advanced search widget that allows you to export results to MS Excel. All planning applications are labeled for ease of use. View map

### Housing



View the location of all the Local Authority Housing, Voluntary Housing Units and Rental Accommodation Scheme Properties. View map

### Roads



View the extent of the Roads network taken in charge by the Council, turn on Garda Accidents, zoom into to view Car Parks, Bike Parking, Cycle and Bus Lanes. View map

### Water



View the extent of the Water and Waste Water Network along with Scheme Boundaries and District Meter Areas. View map

Tá éirithe go hiontach le WatMaps ó seoladh é agus úsáidtear an aip anois mar chuid de ghnáth shreabhadh oibre chun rudaí ar nós Iarratais Pleanála agus chun Díolúine Cuid V *(Páirt v Díolúintí)* a phróiseáil.

## Bainistíocht Um Chaidrimh Chustaiméara

Nuair a d'fhorbair an chathair a liosta tascanna seirbhíse custaiméara féin úsáideadh an chontae *Microsoft Dynamics CRM.* Mar chuid den phróiséas chomhcheangailte rinneadh cinneadh *Microsoft Dynamics CRM* a leathnú chun an chathair a chuimsiú agus chun an úsáid a bhí leis sa chontae a leathnú chomh maith. Cruthaíodh Deasc Seirbhíse Custaiméara nua sa chathair agus socraíodh na húsáideoirí a bheadh bainteach leis an gcóras agus cuireadh oiliúint orthu ar *Microsoft Dynamics CRM*. Rinneadh an cinneadh i dtreo deireadh 2014 saineolaí ar *CRM* a thabhairt isteach chun scrúdú a dhéanamh ar conas feabhsaithe eagraithe agus teicniúla a dhéanamh ar an tslí a ndáiltear amach *CRM* agus ar an tslí a n-úsáidtear é san eagraíocht. Rinneadh é seo i ndiaidh próiséas soláthair agus bhí sé idir lámha i dtreo deireadh 2014.

## Toghcháin Áitiúla

Cuid chriticiúil den chomhcheangal agus riachtanas ollmhór do na toghcháin áitiúla ab ea comhcheangal na mbunachar cathrach agus contae de Chlár na dToghthóirí. Bhí ar an méid seo a bheith déanta roimh dháta "dul beo" an comhcheangail agus roimh na toghcháin áitiúla chun deis a thabhairt athailíniú a dhéanamh ar thoghcheantair áitiúla agus priontáil a dhéanamh ar chártaí vótála srl. Bhí ról criticiúil ag T.F. sa chomhaireamh vótaí don toghchán, cumraíocht agus rith na mbogearraí comhairimh agus foilsiú na dtorthaí in am beo i bhfoirm shonraí oscailte ar ár suíomh idirlín agus tríd ár gcuntais sna meáin shóisialta.

## Lánpháirtiú Bunachair agus Córais

Bhí ar na príomhchórais agus bunachair cathrach agus contae ar fad a bheith lánpháirtithe roimh "dhul beo" an chomhcheangail. Mar chuid de seo bhí athlonnú an aip go dtí freastalaí amháin i gceist chomh maith le glanadh na mbunachar aonair agus comhcheangal a dhéanamh orthu isteach i ní aonair amháin ag cinntiú go bhfaighfí gach taifead aonair a aithint sa bhunachar comhcheangailte. Mar shampla, lenár gcóras pleanála (*iPlan)* bhí trí bhunachar rúnda don chathair, don chontae agus do bhaile Dhún Garbhán. D'úsáid gach ceann acu seo struchtúr uimhriúil a bhí an-chosúil chun cáipéisí pleanála a aithint dá bhrí sin b'éigean ath-uimhiriú a dhéanamh ar gach ceann dóibh sula gcomhcheangalaíodh na bunachair.

I roinnt cásanna ina raibh córais dhifriúla in úsáid chun an fheidhm chéanna a bhainistiú, rinneadh cinneadh córas amháin a chur ar leataobh, mar shampla roghnaíodh córais Bhainistíocht Tráchta, Fíneáil Caithimh Bruscair agus Cothabháil Tithíochta na cathrach nuair a úsáideadh módúil *CRM* na contae chun Forfheidhmiú Phleanála a bhainistiú.

I measc na gcóras a comhcheanglaíodh tá:

- Airgeadas – Córas Um Bainistiú Airgeadais Agresso, *Expenses Mgt System*
- Acmhainní Daonna – Córas *Core Payroll* agus *Time Management*
- Corparáideach – Clár na dToghthóirí (*iReg*), Córas Um Bainistiú Leabharlainne
- Pleanáil – An príomhchóras Pleanála (*iPlan*), Forfheidhmiú Pleanála, Síntiúis Forbartha Pleanála
- Tithíocht – Córas Um Bainistiú Tithíochta (*iHouse*), Córas Um Chothabháil Tithíochta
- Córas Um Bainistiú Cáipéisí (*iDocs*)
- Córas Um Bainistiú Dóiteáin (*Diamond Fire*)
- Córas Um Bainistiú Tráchta (*ICPS*)
- Córas Fíneála ar Chaitheamh Bruscair

## Spriocanna do Mhótarcháin

Uasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht feidhmeanna Mótarchánach agus Ceadúnais Tiomána ar an iomlán agus seirbhís custaiméara den scoth a chur ar fáil i gcónaí.

## Tionscnaimh Sonracha

Leanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag léiriú suime i *Suíomh Eolais Mótarchánach* a dhear agus a d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a úsáid mar a shuíomh Mótarchánach Náisiúnta. D'aithneofaí an suíomh eolais seo mar an Suíomh Idirlín Mótarchánach Náisiúnta Oifigiúil ansin.

Lean an *Togra Teilifíse Mótarchánach* leis ag bláthú i 2014. Is leanúint é an nuálaíocht seo ar na treoracha a mholtar sa Treoirleabhar Eolais ag an Oifig Cánach. Is córas plasma scáileáin bhunaithe é Teilifís Mótarchánach a thaispeánfaidh príomhphointí eolais ó Threoirleabhar Eolais Oifig na Mótarchánach. Tá an nuáil seo forbartha ag foireann Oifig na Mótarchánach chomh maith. Is é an príomhfhócas atá aige ná níos mó eolais ábhartha a thabhairt do chustaiméirí i dtaca le seirbhís Mótarchánach agus iad ag fuireach sa spás poiblí san Oifig Mótarchánach. Tá beartaithe ag méid mór Oifigí Mótarchánach ar fud na tíre páirt a ghlacadh sa togra seo, agus leis sin cinnteofar go mbeidh an t-eolas céanna ar fáil do chustaiméirí sna hOifigí Mótarchánach ar fud na tíre. Moladh an togra seo a fhorbairt i 2015 agus an mianach ann go ndéanfaí áis níos beoga agus saoráidí de, do chustaiméirí.

**Staitisticí Mótarchánach 2014**

**Ceadúnais Feithiclí Eisithe:**

| | |
|---|---|
| Bliantúil | 18,183 |
| Leathbhliantúil | 7,012 |
| Ráithiúil | 38,257 |
| Dúblaigh | 267 |
| *Díolmhaithe* | *405* |
| *Cealaithe* | *155* |
| *Saor in ionad* | *154* |
| ***Iomlán*** | ***64,433*** |

Níl Oifigí Cánach freagrach as Ceadúnais tiomána nó Teastais Bóthar-acmhainneacht a eisiúint a thuilleadh.

**Fáltais: Suim na bhFáltas iomlán ó gach gníomh Mótarchánach i 2014 ná €11,776,087.50**

# Seirbhísí Comhshaoil



# Seirbhís Um Bailiúchán Drámhaíola

Le linn 2014 lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag cur seirbhís bhailiúchán dramhaíl tí scagtha trí chisealach ar fáil do chustaiméirí i limistéar na contae. Próiseáladh an chuid athchúrsála tirim sa tSaoráid Athshlánaithe Ábhar i nDún Garbhán.

Tar éis athbhreithniú ar an tseirbhís bhailiúchán dramhaíl tí, bheartaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge stop a chur leis an seirbhís seo le héifeacht ó Eanáir 2015. Chiallaigh an méadú ar chostas diúscairt dramhaíola i dtaca leis an méadú ar an ról rialacháin a bheadh le comhlíonadh ag Údaráis Áitiúla nach raibh sé inmharthana leanúint leis an tseirbhís.

# Moladh Líonadh Talún

## Líonadh Talún na Trá Móire

Rinneadh idirghabháil ina iomlán arís ar Líonadh Talún na Trá Móire agus tá sé faoi mhonatóireacht agus á bhainistiú i dtreoir le riachtanais cheadúnas GCC. Tá láisteáit á bhailiú ar an suíomh agus á chóireáil ag an gcóras cóireála dramhuisce in aice láimhe. Tá gáis líonadh talún á mbailiú chomh maith  agus á mbladhmadh ar bhonn leanúnach. Tá an mhonatóireacht ar na gabhdóirí ar an suíomh, uisce talún agus uisce dromchla cuimsithe anseo, á leanúint agus chun dáta níl aon tionchar comhshaoil le sonrú sna ceantair thart timpeall.

Is foinse cumhachta í an aibhléis a ghintear ar an suíomh tríd an mion-mhuileann gaoithe 20m, a cuireadh in airde i 2013, do na pumpaí eastarraingthe láisteáit agus an ionad bladhmtha. Tá aschur thart ar 30,000kw as seo go bliantúil. I ndiaidh oibreacha a rinneadh chun bealach isteach san ionad a chur ar fáil don phobal tá éileamh ag daoine a bhíonn ag siúil nó ag rith ar an áit.

## Líonadh Talún Dhún Garbhán

Críochnaíodh athidirghabháil ar an suíomh seo i 2012 le coimisiúnú an chórais eastarraingthe agus pupála láisteáit.  Tá an láisteáit ar fad a eastaraingítear á chóiriú ar an suíomh ag baint úsáide as an Bogaigh Thógtha Chomhtháite an *ICW* . Leanann an réiteach nuálaíoch ag sábháil costais ó thaobh cóiriú láisteáit. Tugann sé buntáistí iomráiteacha comhshaoil chomh maith, forbairt bhithéagsúlachta agus ceapadh carbóin ina measc. Tá gáis líonadh talún á mbailiú agus á mbladhmadh ar bhonn leanúnach. Leantar leis an monatóireacht ar na gabhdóirí ar an suíomh chomh maith i dtreoir le riachtanais an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

I 2014 ardaíodh mion-mhuileann gaoithe 12kw atá 30m ar airde ar shuíomh Chonláiste Cathartha Dhún Garbhán. Cabhróidh an fearas nua seo a tógadh le cabhair ó dheontas *SEAI,* i dtreo spriocanna atá leagtha amach d'údaráis áitiúla roimh 2020 i dtaca le eisileadh $CO_2$ a ísliú fá 33% agus an sprioc glan-úsáide aibhléise ó fhoinsí in-athnuaite de 40% faoi 2020 mar atá leagtha amach i bpolasaí rialtais. Tá gach fearas leitreach ar an suíomh, bladhm, pumpa láisteáit, trealamh oifige an suíomh srl. ina measc, á rith ag baint úsáide as aibhléis a ghineann an mhuileann. Ginfidh an muileann idir 16,000 – 22,000 kWh sa bhliain.

Bhronn an GCC ceadúnas nua don ionad i nDún Garbhán i 2014, W0032-03. Teastaíonn clár monatóireachta dian do gcóras cóireála láisteáit *ICW* faoin gceadúnas nua.

## Líonadh Talún Chill Bharra

Dúnadh an líonadh talún seo i Meán Fómhair na bliana 2005 agus tá gach cuid den iarmhír dramhaíl tí ón gCathair do dhiúscairt líonadh talún á dtabhairt anois go dtí áiseanna cóireála ceadaithe eile. Críochnaíodh athidirghabháil ar líonadh talún Chill Bharra i 2012 agus athosclaíodh é mar pháirc áise do shaoránaigh Phort Láirge.

Dúnadh an t-ionad múiríniú ag Bóthar na Faiche, Cill Bharra don phobal i Meán Fómhair 2009.

## Suíomhanna Chonláiste Cathartha

Glacann suíomhanna Chonláiste Cathartha Chill Bharra agus Dhún Garbhán le gach saghas dramhaíl tí go fóill.

## Ionaid Tabhartha

Lean líonra d'ionaid tabhartha timpeall na Cathrach agus na Contae i 2014 chun áis a chur ar fáil don phobal chun fáil réidh le gloine agus teicstíleacha.

## Bailiúchán Dramhaíl Guaisí Feirme

I 2014 ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge páirt i dtionscnaíocht phíolótach chun bailiúchán, athshlánú agus diúscairt dramhaíl guaisí ó fheirmeacha a éascú. Taispeánann an tábla seo a leanas méid na dramhaíola guaisí feirme a bailíodh sa suíomh i nDún Garbhán.

| Ionad | Cineál Dramhaíle (kg) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Lotnaid-icídí | Péint | Leigheas tréidlia | Drumaí 25&200 lr. | Scagairí ola | Aigéid/ Bunan-na | Drámhaíl Ghuaiseach | Iomlán | Méad Feirm -eoirí | Meán Mhéid Dramhaíola (Kg) idir na feirmeacha |
| Port Láirge | 2,238 | 1,056 | 848 | 1,791 | 836 | 2,143 | 460 | 23,653 | 152 | 156 |

## Forfheidhmiú Comhshaoil

## Forfheidhmiú Comhshaoil

Le linn 2014, lean an Fhoireann Forfheidhmithe ag déanamh monatóireachta ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha a bhain le dramhaíl ar fud na Contae. Beirt innealtóirí, ceathrar Cigirí Comhshaoil, Teicneoir Comhshaoil agus Tacaí Riaracháin a bhí mar bhaill den fhoireann. Eisíodh Litreacha Forfheidhmithe agus Litreacha Rabhaidh faoi Reachtaíocht Comhshaoil (Achtanna Uisce, Aer agus Bruascair) san áit ina raibh neamhchomhlíonadh i gceist. Chuamar i ngleic le gníomhaíochtaí dramhaíola neamhcheadaithe ar nós caitheamh bruscair, dumpáil mhídhleathach, úsáid suíomhanna neamhcheadaithe, neamhchomhlíonadh de cheadúnais dramhaíola nó ceadúnais bhailithe dramhaíola agus coireanna truaillithe aeir.

## Plean Íos-Chritéir Molta d'Iniúchadh Comhshaoil (ÍCMIC)

Rinne an Fhoireann Forfheidhmithe Comhshaoil Iniúchadh Forfheidhmithe i dtreoir lenár b Plean Íos-Chritéir Molta d'Iniúchadh Comhshaoil. Cuireann an plean seo liosta cuimsitheach ar fáil de ghnáth-iniúchadh, iniúchadh neamhghnách measta, daoine freagracha agus achmhainní leathroinnte chun an t-iniúchadh seo a dhéanamh don bhliain. Rinneadh iniúchadh sceidealaithe ar cheantair Shuíomhanna Dramhaíola Ceadaithe, ar Bhailitheoirí Dramhaíola, Feithiclí a raibh a ré caite, ar Dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus cadhnraí, ar Phacáistiú, ar Thobhach Málaí Plaisteacha, ar Dhramhbhia, ar Shuíomhanna Ceadaithe Aeir, ar Rialúcháin Tuaslagóirí agus *Deco-Paint.* Ina iomlán cuireadh iomlán de 830 iniúchadh sceidealaithe i gcrích faoin bPlean ÍCMIC. Rinneadh 1789 iniúchadh neamh-sceidealaithe le linn na bliana chun gearáin agus eachtraí a cuireadh in iúl don Roinn Comhshaoil a fhiosrú. Fuarthas gearáin ó

roinnt foinsí éagsúla, baill den phobal, foireann sa cheantar, líne mhídhleathach dumpála agus achomharc GCC. San áireamh anseo bhí:

- Fiosrú maidir le Diúscairt mhídhleathach
- Fiosrú suíomhanna ina raibh dramhaíl á diúscairt i slí neamhcheadaithe
- Fiosrú maidir le gearáin a fuarthas i leith suíomhanna ceadaithe
- Fiosrú maidir le Coireanna Bruscair
- Fiosrú maidir le Dó i gCúlghairdín
- Fiosrú maidir le sárú fodhlíthe Chomhairle Contae Phort Láirge i dtaobh dramhaíl tí
- Fiosrú maidir le gearáin chomhshaoil maidir le boladh, glór agus núis

## Forfheidhmiú agus Monatóireacht ar Bhruscar

Lean an Fhoireann Forfheidhmithe ag déanamh iniúchta agus monatóireachta ar chaitheamh bruscair, Diúscairt mhídhleathach agus comharthaíocht mhídhleathach agus d'eisigh siad fíneálacha bruscair san áit inar aimsíodh coireanna. Ghlac an Fhoireann páirt sa suirbhé bliantúil Monatóireacht Bruscair agus Cainníochtú Bruascair mar chuid den Chóras Monatóireachta Truailliú agus Bruscair Náisiúnta. Ligeann na torthaí seo le Cigirí Forfheidhmithe  luí ar cheantair mór-faidhbe sa chontae agus ligeann sé leo achmhainní forfheidhmithe (Patróil Bruscair) a chur chuig na háiteanna sin.

## Rialúcháin Dramhaíola agus Aeir

Tá an Roinn Forfheidhmithe freagrach as próiseáil iarratais ar cheadúnas dramhaíola agus aeir i bPort Láirge agus éascaíonn sé cruinnithe réamh-iarratais le hiarratasóirí a bheartaíonn ar chur isteach ar cheadúnas faoi rialachán ábhartha dramhaíol agus aeir.

In  2014 próiseáladh na hiarratais seo a leanas:

- Ceadúnas Dramhaíola agus Teastas Clárúcháin
- Iarratas Tuaslagóirí (Glantóirí éadaigh don chuid is mó*)*
- Iarratas *Deco-Paint* (Oibreacha Socraithe Tuairte)

## Gradaim na mBailte Slachtmhara

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag tacú le 'Comórtas na mBailte Slachtmhara' agus molann siad an dea-obair a thógann na hoibrithe deonacha orthu féin bliain i ndiaidh bliana. Ghlac 16 baile agus sráidbhaile ar fud na contae páirt sa chomórtas i mbliana. Bhronn an tAire Comhshaoil Rialtas Pobail Áitiúil, Alan Kelly, Evelyn Moynihan de chuid na n-urraithe Supervalu agus Gary Breen ó *Fáilte Ireland* na gradaim ar na buaiteoirí.

Bronnadh boinn Óir, Airgid agus Cré Umha orthu seo a leanas:

Gradam Óir: An Lios Mór

Gradam Airgid: Dún Garbhán, Aird Mhór, An tSráidbhaile, Cathair Phort Láirge

Gradam Cré Umha: Trá Mhór

Gradaim Bailte Turasóireachta: An Lios Mór agus Aird Mhór

Gradam Oidhreachta: Lios Mór

Gradam Dianiarrachta (a bhain amach an feabhas scóir is fearr i 2014) Dún Mór

## Suirbhé *IBAL*

**Sa suirbhé frith-bhruscair ag *Irish Buisness Against Litter* i 2014 choimeád Trá Mór agus Cathair Phort Láirge a stádas 'saor ó bhruscar' agus measadh iad a bheith níos glaine ná an gnáthchaighdeán Eorpach. Cuireadh Trá Mór sa tríú háit agus Cathair Phort Láirge sa seachtú háit as an 40 baile agus cathair inar cuireadh suirbhé ar bun.**

## *€coMerit* – Tacaíocht, Deimhniúchán agus Sábháil Costais Chomhshaoil do Ghnóthaí

Cuireann *Econcertive Teo.* an clár €coMerit a dearadh go speisialta d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéid ar fáil agus tacaíonn GCC leis agus tá sé i gcomhpháirtíocht le ceithre Údarás Áitiúil: Comhairle Cathrach Phort Láirge; Comhairle Contae Dhún Laoire agus Ráth an Dúin; Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Comhairle Contae Chorcaí. Chun dáta tá tacaíocht faighte ag 107 gnó agus eagraíocht ó EcoMerit agus tá meán-sábháil bliantúil de €6,6006 bainte amach acu ó thaobh a mbillí cumhachta, uisce agus dramhaíola. Tá níos mó gnóthaí ag a bhfuil teastas EcoMerit i bPort Láirge ná mar atá ag aon chontae eile (22 ar an iomlán).

I 2014 bhain na gnóthaí seo a leanas amach teastais:

- Ionad Siopadóireachta Dhún Garbhán
- *Elda Wild Irish Venison,* Páirc Éiceolaíoch Dhún Aill
- *Comerford and Foley Accountants,* Páirc Éiceolaíoch Dhún Aill
- *Audi Garage*
- Caisleán an Leasa Mhóir

Bronnadh Teastas comhshaoil EcoMerit ar *Audi* Phort Láirge mar aitheantas ar fheidhmiú a ionad úrscothach.




Ó dheis go clé: Phil Walker EconCertive, Anne Sullivan Comhairle Contae Phort Láirge, Brendan Walsh Bainisteoir Ginearálta Audi Waterford  agus Tom Cullen Stiúrthóir Cumann an Tionscail Mhótar Éireannach.

Is é Caisleán an Leasa Mhóir an chéad chaisleán in Éirinn ar bronnadh teastas EcoMerit air.




Sa phictiúr thuas tá an tiarna William Burlington, Denis Nevin de chuid Chaisleán an Leasa Mhóir, Phil Walker ó Econcertive agus Anne Sullivan ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

## Tionscnaimh Oideachais agus Feasachta Comhshaoil

Gach bliain seachadaíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Clár Oideachais agus Feasachta chun an gnáthiompar comhshaoil is fearr a chur chun cinn agus chun feasacht a mhéadú agus cur le comhlíonadh na ndlíthe comhshaoil.

• **Gníomh in aghaidh Bruscair:** Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tacaíocht lánbhliana ar fáil do ghlantachán pobail trí ábhar agus bailiú agus cóireáil an bhruscair ina dhiaidh sin a chur ar fáil.

Thacaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leis an nGlantachán Earraigh Náisiúnta trí ábhair ghlantacháin a chur ar fáilt do ghrúpaí pobail, scoileanna srl. agus trí bhailiú na n-ábhar a bailíodh. Anuas ar san d'urraigh an Chomhairle an Scuabadh Sráide *WLR* agus cuireadh málaí, lámhainní agus piocadóirí bruscair ar fáil chomh maith. Déanann WLR poibliú ar ócáidí agus déanann siad tuairisciú ar an dul chun cinn. Cruthaítear gur modh rathúil atá anseo chun béim a chur ar obair chónaitheoirí agus spreagadh a thabhairt do cheantair eile chun tabhairt faoina leithéid.

• Cuireadh an **Clár Scoile** i ngníomh i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna ar fud na cathrach agus na contae le linn 2014. Tugadh raon cainteanna agus ceardlanna faoi bhruscar, dramhaíl, athchúrsáil, fuinneamh, athrú aeráide, bithéagsúlacht agus caomhnú uisce. Glacadh le Páirc Nádúir Phort Láirge mar ionad Aimsithe Mata agus Eolaíochta do bhunscoileanna agus forbraíodh agus cuireadh ar siúl ceardlanna do bhunscoileanna chun é seo a éascú. Ghlac an Chomhairle páirt i bhféile eolaíochta lasmuigh CALMAST arís i mbliana. Eagraíodh ceardlanna faoi théama an bhruscair do cheardlanna beochana íomhá ar íomhá agus *Leave nó Trace* do Bhunscoileanna agus do Mheánscoileanna. Ritheadh ceardlanna ar bhruscar, ar dhramhaíl agus ar bhithéagsúlacht i scoileanna chomh maith.

**Clár na Scoileanna Glasa:** Cuireann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Clár na Scoileanna Glasa chun cinn trí sheachadadh a dhéanamh ar sheimineáir, ar chuairteanna scoile agus ar thacaíocht ghutháin do gach scoil a ghlacann páirt sa chlár. Reáchtálfar seimineáir Scoileanna Glasa ag tús na scoilbhliana chun spreagadh, comhairle agus eolas a thabhairt do scoileanna faoin gclár oideachais comhshaoil seo. Cabhraíonn cuairteanna scoile, tacaíocht ghutháin srl. leis an seimineár seo cabhrú leis na scoileanna le linn na bliana. Is iad seo na Scoileanna i bPort Láirge ar a bronnadh an Brat Glas i mí na Bealtaine 2014:

| **Scoil** | **Suíomh** | **Téama** |
|---|---|---|
| Scoil na Dea-Comhairle | Port an Chalaidh | Bithéagsúlacht |
| Scoil Náisiúnta na hEaglaise. | An Eaglais, Co. Phort Láirge | Bithéagsúlacht |
| Bunscoileanna na Trócaire agus an Teaghlaigh Naofa | An Bóthar Míleata | Saoránacht |
| Scoil Náisiúnta Theampall Chríost | An Baile Nua Íochtarach | Saoránacht |
| Scoil Náisiúnta Fhionnúir | Fionnúir, Co. Phort Láirge | Saoránacht |
| Scoil Náisiúnta Chnoc an Mhachan. | Cnocán Machan, Bun Machan, | Saoránacht |
| Scoil Náisiúnta Phort Lách | Port Lách, Co. Phort Láirge | Saoránacht |
| Scoil Náisiúnta Naomh Áine | Garrán Fheannóige , Bun Machan, | Saoránacht |
| Scoil Speisialta Naomh Máirtín | Baile Thrucail | Fuinneamh |
| Scoil Náisiúnta Pháirc an Uisce | Bóthar na Páirce | Fuinneamh |
| Scoil Náisiúnta Naomh Déaglán | Aird Mhór, Co. Phort Láirge | Fuinneamh |
| Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua | An Baile Nua, Co. Phort Láirge | Fuinneamh |
| Scoil Montessori Bhaile Mhac Cairbre | Baile Mhac Cairbre | Bruscar & Dramhaíl |

| | | |
|---|---|---|
| *Mischief Makers* | Dún Garbhán | Bruscar & Dramhaíl |
| Tigh Súgradh | Cluain Aodha Íochtarach, Dún Garbhán | Bruscar & Dramhaíl |
| *Tiny Tots Community Playgroup* | Ionad CLG Dhún Aill | Bruscar & Dramhaíl |
| Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Chorráin | Baile Uí Chorráin, Co. Phort Láirge | Bruscar & Dramhaíl |
| Scoil Náisiúnta Chill Bhriain | Cill Bhriain, Co. Phort Láirge | Bruscar & Dramhaíl |
| Gaelscoil Na nDéise | Bothar Grásta De | Taisteal |
| Scoil Naomh Seosamh | Sráid Parnell | Taisteal |
| Scoil Náisiúnta Naomh Eoin an Tiarna | Bóthar an Phasáiste | Taisteal |
| Scoil Náisiúnta Chnoc an Óir | Cnoc an Óir, Co. Phort Láirge | Taisteal |
| Bunscoil Choill Mhic Thomáisín | Cill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge | Taisteal |
| Scoil Náisiúnta an Bhaile Dhuibh | An Baile Dubh, Co. Phort Láirge | Taisteal |
| Scoil Shóisearach an Bhaile Nua | An Baile Nua Íochtarach | Uisce |
| Scoil Lorcáin B.N.S. | Páirc Eoin | Uisce |
| Bunscoil Ghleannsidheain | Ceapach Choinn, Co. Phort Láirge | Uisce |
| Scoil Speisialta Naomh Eoin | Dún Garbhán | Uisce |
| Scoil Mhuire | Dún na Mainistreach, Dún Garbhán | Uisce |

## Seachtain Náisiúnta na gCrann

Mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann chur Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 500 crann amach go dtí scoileanna, grúpaí tithíochta, pobail, óige agus Bailte Slachtmhara chun go gcuirfí iad ar fud an na Cathrach agus na contae.



**Scoil Naomh Déaglán ag ceiliúradh Seachtain Náisiúnta na gCrann 2014**



**Grúpa Bhaile Slachtmhar na hAirde Móire ag ceiliúradh Seachtain Náisiúnta na gCrann 2014**

Tugadh **Ceardlanna ar an gChlár Um Chosc Dhiomailt Bia** do ghrúpaí ar leith**,** grúpaí pobail san áireamh. Chuir sé seo béim ar thábhacht dhea-bhainistiú dramhaíola agus cosc, múirniú, athúsáid agus athchúrsáil srl. san áireamh. Tugadh cuireadh do ghrúpaí páirt a ghlacadh i gceardlann um chosc dhiomailt bia timpeall na cathrach agus na contae. Múineann an 4 ceardlann sa chlár conas diomailt bia a chosc, slite chun siopadóireacht a dhéanamh, chun bia a stóráil agus a chóireáil chun an diomailt seo a sheachaint agus anuas air san cuireann siad ar an eolas iad faoi mhúiríniú a dhéanamh ar aon dramhaíl a bhíonn fágtha.

## Féilte agus Ócáidí Um Ghlasú

Spreag Comhairle Chontae Phort Láirge, tríd an gclár *Bí Glas* (*Be Green)*, go rachadh gach féile i ngleic le tionscnaíocht scaradh agus cosc dramhaíola. Ghlac an Comhairle páirt sa Chlár *Bí Glas (Be Green)* ag an *LAPN* (Líonra Coisc Údaráis Áitiúil) agus bhí an t-ádh leis maoiniú a fháil chun glasú a dhéanamh ar na hócáidí seo a leanas:

## Féile Bia Iarthair Phort Láirge

Mar chuid de ghlasú Fhéile Bia Iarthar Phort Láirge ghlac 12 bunscoil páirt i gcomórtas gairdín soghluaiste *"Déan tú féin é! Fás tú féin é! (Make it yourself, Grow it yourself)*. Comhpháirtíocht idir Féile Bia Iarthar Phort Láirge, *GIY* Dún Garbhán, Glanbia, Comhairle Contae Phort Láirge agus bunscoileanna sa chontae a bhí anseo.

Cuireadh stáisiúin Scartha Dramhaíola i bhfeidhm ar na sráideanna le linn na hócáide agus córas trí chisealach i bhfeidhm ann. Marcáladh na boscaí bruscair go soiléir boscaí Donna do dhramhbhia, boscaí liath do dhrámhaíl ghinearálta agus boscaí bána d'athchúrsáil. Bhí foireann ón gcomhairle agus oibrithe deonacha i mbun feitheoireachta ar na stáisiúin scartha dramhaíle.

## Ráschúrsa Phort Láirge agus na Trá Móire

Ba í seo an chéad uair a rinneadh glasú ar fhéile rásaíochta agus mhol gach éinne a bhí bainteach leis an ócáid an tionscnaíocht.

**Roimh**



**Tar éis**



## Turas Rothaíochta Sean Kelly

D'iarr coiste na féile go gcuirfí glasú i bhfeidhm ar an ócáid agus cuireadh traenáil mhaith ar na hoibrithe deonacha ar fad i dtaca le scaradh dramhaíola agus mar thoradh chuaigh an bruscar ar fad i dtreo athchúrsála in ionad dul go dtí an líonadh talún. Tá pictiúr thíos d'oibrithe deonacha ag dul i ngleic leis an athchúrsáil ag an ócáid.



## Trialacha Idirnáisiúnta Capaill agus Aonach Contae na Caimthíreach

Chuaigh ambasadóirí *Bí Glas* i ngleic le cuairteoirí ag an bhféile chun cabhrú leo dramhaíl a chosc ar an suíomh.





.

## Tabhairt faoi Shalú Madraí

Chun feasacht níos mó a chothú i ndaoine maidir le salú madraí a bheith ina choir bhruscair, tugadh comhairle ar chonas a bheith i do dhea-úinéir ar mhadra. Cuireadh sluaistíní caca ar fáil saor in aisce ó dháileoirí sráide chun iarracht a dhéanamh béim a chur ar réiteach na faidhbe seo. Spraeáladh comharthaí le péint ar chosáin in áiteanna mór-fhaidhbe. Cuireadh tús le feachtas aitheantais pobail chomh maith, le heisiúintí iontráilte sna páipéir áitiúla, agus cuireadh drámaíocht sráide ar bun faoin gceist i measc imeachtaí/beart eile chomh maith. Ghlac na Maoir Bhruscair agus na Maoir Mhadraí patróil orthu féin chun breis oideachas a chur ar úinéirí madraí. Síníodh suas le feachtas na Siúlóirí Madraí Glasa ar bhonn réigiúnach le feachtas fógraíochta agus comórtas sna meáin shóisialta ag dul ar aghaidh ar *BEAT FM* chun úinéirí mhadraí a spreagadh chun geallúint a dhéanamh bheith ina Siúlóir Madraí Glas agus glanadh suas i ndiaidh a madraí trí úsáid a bhaint as 'aon mhála, aon bhrúscrán'.

## Plean Bhainistíocht Dramhaíola an Réigiúin Theas

Thosnaigh an comhairliú pobail don dréachtphlean um bhainistíocht dramhaíola in 2014. Tacaíodh le hiontrálacha pobail trí scríobh chuig grúpaí pobail agus grúpaí na mbailte slachtmhara, ag cur mion-bhileoga eolais ar fáil ag oifigí poiblí agus ag cur dréachtphlean i láthair ag cruinniú Nollag na Comhairle. Tá roinnt pleananna um chosc dramhaíola agus um bhainistiú dramhaíola ar bhonn réigiúnach beartaithe le linn saol an phlean faoin bhfeachtas Déan Rud Amháin Eile agus faoi na rialacháin Dramhbhia nua.

## Bruscar Ghuma Coganta

Ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge páirt sa bhfeachtas Bruscair Ghuma Coganta Náisiúnta chun an méid bruscar ghuma coganta ar na sráideanna a ísliú trí cheardlanna drámaíochta a chur ar bun i roinnt Meánscoileanna ar fud na cathrach agus nq chontae. Tugadh cainteanna faoi dhrochéifeachtaí bhruscar ghuma coganta do dhaltaí scoile agus do ghrúpaí le Gasóga srl. reáchtáladh laethanta eolais in ionaid uirbeacha agus cuireadh an teachtaireacht *'Bin It Your Way'* os comhair na daoine ar mhodh tarraingteach.



**Tascfhórsa Bhruscar Ghuma Coganta i nDún Garbhán**



**Tascfhórsa Bhruscar Ghuma Coganta i bPort Láirge**

# Biúró Fuinnimh Phort Láirge (BFPL)

## Tuairisciú Bhliantúil ar  Úsáid Fuinnimh

Thuairiscigh Biúró Fuinnimh Phort Láirge sprioc Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun úsáid fuinnimh 33% níos lú a bhaint amach faoin mbliain 2020 bunaithe ar úsáid 2009. Thaispeáin torthaí 2013 gur úsáideadh 7.5% níos lú fuinnimh sa bhliain sin ná mar a úsáideadh in 2012 agus táthar ag súil go leanfar leis an gclaonadh seo i 2014 nuair a fhoilseofar an tuairisc is déanaí, in 2015.

## Bainistiú Cuntais Aibhléise agus Gáis

Leanann BFPL le bainistiú chuntas gáis agus aibhléise Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le hathrú táillí, dífhuinneamhú de chuntais iomarcach agus anailísiú de phatrúin úsáide. Chríochnaigh BFPL iniúchadh suíomhanna agus tuairiscí ar uasghrádú foirgnimh.

## Scéimeanna Maoinithe

Críochnaíodh na tograí fuinnimh inmharthana pobail seo a leanas i 2014 le maoiniú de bhreis agus €1,000,000 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus ó *Electric Ireland.*

- Scoil na Leanaí, An Rinn
- Coláiste na Rinne
- Ionad Phobail na Cille
- Ionad Phobail Choill Mhic Thomáisín
- Club Scuais Dhún Aill
- Cumann Tithíochta *Respond* 34 Árasán, Suiteáil Pumpaí teasa *Air-Air* agus uasghrádú doirse/fuinneoga
- U-Casadh (Carthhanacht Um Cuimsiú Sóisialta) Oifig agus foirgnimh fiontraíochta, uasghrádú fallaí /Fuinneoga, Insliú Áiléir agus Falla san áireamh.
- Suiteáil Muileann Gaoithe ag suíomh Chonláiste Dhún Garbhán
- Córas maolaithe soilsiú poiblí ar an gcuarbhóthar seachtrach i bPort Láirge
- Uasghrádú Tithíochta, insliú, fuinneoga nua / doirse nua agus uasghrádú rialúcháin choire gáis san áireamh ar 45 tigh ag eastáit an Bheairic i bPort Láirge
- Uasghrádú tithíochta insliú, fuinneoga / doirse nua agus insliú fálaí seachtracha san áireamh ar 61 tigh in Eastáit Cathal Brugha, Dún Garbhán.



Muileann Gaoithe ag Conláiste Cathrach Dhún Garbhán




**Uasghrádú inslithe tithíochta**

## SEIRBHÍSÍ TRÉADLIA AGUS SÁBHÁILTEACHT BIA

Fostaíonn an Chomhairle Oifigeach Tréidliachta lánaimseartha amháin agus triúr Cigirí Tréidliachta páirtaimseartha. Is iad na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil ná faomhadh, iniúchadh leanúnach agus feitheoireacht ar sheamlais íseal-tairge, forais próiseála feola, ionaid mórdhíola feola agus feithiclí iompair feola neamhspleácha i gceantair na Comhairle. Ó dheireadh mhí na Nollag 2014, tá trí sheamlas, seacht n-ionad próiseála feola agus trí fheithicil iompair feola faoina cúram.

Maraíodh 1,530 bó, 11,108 caora agus 92 fia feirme in ionaid faoi chúram na Comhairle in 2014 agus cuireadh iad faoi scrúdú tréidliachta réamhbháis agus iarbháis.

Rinneadh 136 iniúchadh láithreacha in 2014 a chuimsigh gnáth iniúchadh faire um shábháilteacht bia, iniúchadh ar laethanta maraithe agus laethanta gan mharú, iniúchadh sonrach láthair próiseála bia, agus iniúchadh inrianaitheachta agus lipéidithe.

Bhí 15 sampla uisce, 8 sampla ar fhuilleach leighis tréidliachta, 3 sampla de lot eitinne faoi amhras, 20 sampla micribhitheolaíochta bia agus 70 sampla scráibeach (*TSE = Transmissible Spongiform Encephalopathy*).

Tá an tOifigeach lánaimseartha Tréidliachta mar bhall de Choiste Zónóis an Iardheiscirt a thugann daoine proifisiúnta i réimse na sláinte poiblí ó na seirbhísí tréidliachta, leighis, sláinte comhshaoil agus saotharlainne sa réigiúin ceithre huaire sa bhliain chun zónóis a phlé i.e galair ar féidir a thraschur ó ainmhithe go daoine daonna. Tá dáileoga agus leabhráin eolais úsáideacha cruthaithe ag an gcoiste agus tá siad seo ar fáil ó shuíomh idirlín na Comhairle. Chuir an coiste seastáin eolais lesaineolaí ag freastal ar an taispeántas talmhaíochta sa réigiúin le linn samhradh 2014 agus bhí idirghníomhaíocht mhaith ann leis an bpobal ag na hócáidí san.

Rinne an tOifigeach Tréidliachta i bpáirtíocht le Maor Madraí na Comhairle iniúchadh ar fhorais pórú madraí faoin Acht Um Fhorais Póraithe Madraí 2010 agus ag deireadh 2014, cláraíodh  cúig chonchró seilge faoin Acht.

Tá an Oifigeach Tréidliachta lánaimseartha bainteach i ngníomhaíocht smachtaithe madraí agus capaill chomh maith le cúramaí eile atá ar an gcomhairle faoin Acht Um Smachtú Madraí, 1986 mar shampla, freastal ar chruinnithe, ócáidí traenála, fógraíochta agus treoir a thabhairt ar na hábhair san.

## Smachtú Madraí

Fostaíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge beirt Mhaor Madraí go lánaimseartha chun forálacha an Acht Um Smachtú Madraí 1986-1992 (mar a leasaíodh) a fhorfheidhmiú. Déanann an Maor Madraí fiosrú ar aon ghearán faoi mhadraí gan a bheith faoi smacht ceart, a bheith ag siúl timpeall ina n-aonar, a bhaineann greim as duine srl. Sa tábla seo a leanas taispeántar an líon madraí ó cheantair na contae a bailíodh, a athlonnaíodh, a athshlánaíodh agus a cuireadh chun suain i 2014.

| Géillte | Bailithe | Athlonnaithe | Athshlánaithe | Aistrithe go dtí grúpaí leasa | Curtha chun suan |
|---|---|---|---|---|---|
| 290 | 295 | 138 | 138 | 185 | 124 |

Mar aon leis sin déanann na Maoir Mhadraí seiceáil ó dhoras go doras ar cheadúnais mhadraí. Eisíodh 5264 ceadúnas madraí i gCathair agus i gContae Phort Láirge le linn 2014. Le linn mhíonna an tsamhraidh forfheidhmíonn na Maoir Mhadraí an bac atá le madraí ar phríomhthránna na contae.

## Scéim Um Mhaolú Tuilte

Tá oibreacha ag druidim i dtreo a gcríochnaithe ar chéimeanna 2/3 & 4. Is é Niall Barry Teo. an conraitheoir agus is é a chríochnaigh céim a 1 (an falla gloine ar an gcé). Faoi thosach mhí na Bealtaine 2015 beidh an chuid seo cosanta ó thuilte ó bhéal Abhainn Eoin chomh fada le Bóthar na Trá Móire ag Sólann an Chruidín (*Kingfisher Leisure Club)*. Críochnóidh an méid seo an Scéim Tuilte mar a beartaíodh i dtosach. Beidh conradh mion-oibre fós i gceist chun roinnt codanna de chéim 1 a threisiú fós, faraoir.

